Údarás
**Náisiúnta** Iompair
National **Transport** Authority



# Tuarascáil Bhliantúil
# 2016

Údarás
**Náisiúnta** Iompair
National **Transport** Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2016

# Clár Ábhair

**Ón gCathaoirleach** 4

**Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh** 6

**Príomh-Éachtaí 2016** 10

**01 Seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar** 14

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh 15

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe 24

Athbhreithniú Iarnróid 25

Clár Iompar Tuaithe - Nasc Áitiúil 26

**02 Feabhas a chur ar an eispéireas taistil** 28

Cárta Léime 29

Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) 30

Córas Bainistíochta Infreastruchtúr Iompar Poiblí 31

Turais a Phleanáil 31

Aipeanna 31

Margaíocht agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí Eile 32

Cearta Paisinéirí 32

Oibríocht Cathrach Oscailte 33

Suíomhanna Gréasáin 33

**03 Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí** 34

Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 35

Pleanáil ag Leibhéil Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta 35

Pleanáil Iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath 36

Pleanáil Iompair lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 38

Múnlaí Iompair Réigiúnacha 39

Staidéar Iompar do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath 40

Staidéir, Treoirlínte agus Treoir Foilsithe 40

**04 Tacú le daoine roghanna taistil inbhuanaithe a dhéanamh** 41

Cláir Thaistil Níos Cliste 42

Cláir Thaistil do Scoileanna Glasa 43

**05 Bonneagar a uasghrádú** **45**
Infheistíocht Chaipitil 46
Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 47
Clár um Iompar Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha 54
Clár Inrochtaineachta Iompar Poiblí 56
Scéimeanna Rothair Poiblí 57

**06 Feithiclí Beaga na Seirbhíse Poiblí** **58**
Réamhrá 59
Reachtaíocht 59
Ceadúnú Tiománaithe 59
Ceadúnú Feithicle 60
Cigireachtaí ar Oiriúnacht Feithicle 60
Gníomhaíocht Chomhlíonta 60
Gearáin ó Thomhaltóirí 63
Ionad Seirbhíse 63

**07 Cúrsaí Corparáideacha Ginearálta** **64**
Faisnéis maidir leis an mBord 65
Coiste Riosca agus Iniúchta 66
Cód Cleachtais Athbhreithnithe maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit 67
Nochtuithe Cosanta 67
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) 67
Cosaint Sonraí 67
An Ghaeilge 68
Teagmháil Oireachtais 68
Saoráil Faisnéise 68
Clampáil Feithicle 68

**08 Ról an Údarás Náisiúnta Iompair** **69**
Réamhrá 70
Feidhmeanna Reachtúla 70
Feidhmeanna Eile 71
Rialachas 71

**09 Faisnéis faoi Chomhaltaí an Bhoird** **72**

# Ón gCathaoirleach



Is í seo mo thuarascáil dheireanach mar Chathaoirleach an Údaráis. Is mór an onóir agam a bheith sa phost seo ón am ar bunaíodh an tÚdarás i mí na Nollag 2009.

Nuair a chuathas i gcomhairle liom faoin bhféidearthacht den phost de Chathaoirleach a líonadh, bhí an-áthas orm é a ghlacadh, mar bhí mé den tuairim go raibh an eagraíocht de sheirbhísí iompair phoiblí sa Stát ró-ilroinnte agus nach raibh i ndóthain comhtháthaithe ann d'fhonn córas iompair phoiblí d'ardchaighdeán a sheachadadh.

Bhí mé sásta go raibh bunsraith láidir ann le reachtaíocht chumasaithe an Údaráis. Ba é an dúshlán a bhí ann don Údarás agus a Bhord ná a chur leis an mbunsraith seo d'fhonn struchtúr láidir a chruthú, saincheaptha do riachtanais an phobail taistil, a mhaoiníonn soláthar na seirbhísí trína gcuid cánach agus táillí.

Ní rabhthas ag tnúth go mbunófaí an tÚdarás i gceann de na tréimhsí eacnamaíocha ní ba dhúshlánaí i stair an Stáit. Ach, bhí an tÚdarás ábalta dul chun cinn tábhachtach a dhéanamh in ainneoin an chúlra dheacair agus srianta airgeadais tromchúiseacha.

Ba phríomhéacht í cothabháil de sheirbhísí iarnróid agus bus fairsinge ar bhonn náisiúnta, in ainneoin ciorraithe thromchúisigh i leibhéal fóirdheontais idir 2009 agus 2014. B'éacht eile é an t-athstruchtúrú rathúil a rinneadh ar an gClár Iompar Tuaithe, lenar éascaíodh an próiseas de sheirbhísí bus tuaithe a shíneadh amach agus iad a chomhtháthú le seirbhísí iarnróid agus bus náisiúnta agus réigiúnacha.

I measc na n-éachtaí eile bhí

- Straitéis Iompair reachtúil a ullmhú do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, atá ailínithe go dlúth le straitéis úsáid talún an Cheantair, chomh maith le cabhrú le húdaráis áitiúla i nGaillimh agus i gCorcaigh, straitéisí cosúla a ullmhú.
- cur i bhfeidhm agus síneadh amach rathúil de sheirbhísí do Chustaiméirí ar nós an Cárta Leap, Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí, Pleanálaí Turais Náisiúnta agus na haipeanna a bhaineann leo, lena ndéantar úsáid d'iompar poiblí níos éasca.
- cur i bhfeidhm de scéimeanna rothair poiblí sna cathracha réigiúnacha agus síneadh amach den scéim rothar Átha Cliath.

Tá a fhios agam nach bhféadfadh na héachtaí seo teacht chun cinn sa struchtúr ilroinnte a bhí ann nuair a bunaíodh an tÚdarás.

Mar thoradh ar an moilliú suntasach a tháinig ar infheistíocht i dtionscadail chaipitil ó 2009 ar aghaidh, tá an tÚdarás á thabhairt faoi fheabhsúcháin ísealchostais ach feabhsúcháin a bhfuil tionchar mór acu ar an mbonneagar iompair phoiblí, ar nós tollán Pháirc an Fhionnuisce a thabhairt ar ais sa tseirbhís. Ach is eisceacht í tógáil an Luas Traschathrach, atá beagnach críochnaithe. Is fianaise shoiléir é an Luas

Traschathrach de chumas an Údaráis, scéim iompair phoiblí ollmhór a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad. Leis na hoibreacha a rinneadh agus a pleanáladh, chomh maith leis an gclár rannpháirtíochta poiblí fairsing, cinntíodh go raibh Lár na Cathrach ar oscailt do ghnó le linn na tréimhse tógála fada.

Tá ár mbóithre ag éirí plódaithe arís, agus tá méadú á chur ar amanna turais de réir agus atá an geilleagar ag gnóthú. Cé go bhfuil pleananna do scéimeanna iarnróid ollmhóra ar bun, ní chuirfear i bhfeidhm iad ar feadh cúpla bliain eile. Mar sin de, caithfear an bhéim a chur ar an gcóras bus a fhorbairt sa ghearrthéarma. Ach, beidh ollchóiriú mór i gceist don tseirbhís bhus, áfach in aitheantas don fíor- thábhacht a bhaineann leis, anois agus sa todhchaí.

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do thiomantas, díograis agus obair dhian an Phríomhfheidhmeannaigh, na bainistíochta agus baill foirne an Údaráis, agus ní fhéadfadh an méid a baineadh amach le seacht mbliana anuas a bheith dodhéanta gan iad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus guím gach rath orthu don todhchaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lena réamhtheachtaithe ó 2009 ar aghaidh as an tacaíocht ar thug siad don Údarás. Tá an tÚdarás ar an eolas ón gcéad dul síos go bhfuil sé go hiomlán freagrach don Aire, agus don Rialtas agus don Oireachtas chomh maith.

Faoi dheireadh, táim an-bhuíoch as an rannpháirtíocht dhearfach agus fhiúntach ar thug mo chomhghleacaithe ón mBord, roimhe seo agus faoi láthair.



**John Fitzgerald, Cathaoirleach**
Bealtaine 2017

# Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá raon leathan d'fheidhmeanna ag an Údarás, lena n-áirítear seirbhísí bus a fháil ar conradh, seirbhísí bus tráchtála agus seirbhísí tacsaí agus hacnaí a cheadúnú, an t-iompar poiblí a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú, bonneagar rothaíochta agus siúlóide, beartais agus cinntí pleanála comhlántacha um úsáid talún a fhoirmliú agus a chur chun cinn, chomh maith le raon de bhearta bainistíochta um éileamh iompair a chur chun cinn, ar nós tionscnaimh maidir le bainistíocht soghluaisteachta agus tacaíocht a thabhairt do chláir oideachais chun taisteal inbhuanaithe a spreagadh. Sa bhreis ar ár ról rialála agus riaracháin, bíonn teagmháil dhíreach againn le saoránaigh ar bhonn laethúil trí sholáthar d'fhaisnéis taistil a chomhordú don phobal taistil.

Agus a bhíonn na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh, tugann an tÚdarás aird sháraitheach d'fhonn a chinntiú go ndearfaí agus go gcuirfí i bhfeidhm bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí d'fhonn an t-eispéireas is fearr a chinntiú don phobal taistil, chomh maith le luach ar infheistíocht an Stáit. Tá sé seo ag croílár de gach rud a dhéanaimid.

D'éirigh thar bharr linn i rith 2016, agus is fianaise den rath seo é an fás leanúnach atá ag teacht ar líon na bpaisinéirí atá ag baint úsáide as na seirbhísí bus, iarnróid agus tram fóirdheonaithe.

Ar an iomlán, tháinig méadú de 4.4% ar thurais phaisinéara. Cé go raibh an fás de bharr ar na coinníollacha eacnamaíocha atá ag éirí níos fearr, tá sé mar thoradh ar an iarracht mhór atá á déanamh ag an Údarás agus ag ár n-oibreoirí maidir le hathbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar sheirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana, ar na líonraí, faisnéis agus ar na táillí i gceantair tuaithe agus uirbeacha ar fud an Stáit, agus maidir le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ar mhaithe na gcustaiméirí sna ceantair sin.

Tá tionchar dearfach ag an slánúchán sa gheilleagar do chustaiméirí den iompar poiblí. Tá níos mó spáis ann anois chun feabhas a chur ar na seirbhísí atá ann cheana agus chun seirbhísí nua a chur leo, mar gheall ar na méaduithe atá ag teacht de réir a chéile ar na leibhéil fhóirdheontais, chomh maith leis an bhfás san ioncam ó tháillí. Tá sé tábhachtach freisin go raibh an tÚdarás ábalta táillí iompair phoiblí do 2016/2017 a choinneáil mar i gcéanna d'fhormhór na bpaisinéirí. Ina theannta sin, bhí an tÚdarás ábalta leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas de struchtúir táillí a shimpliú agus le dul i ngleic le neamhionannas agus neamhréireachtaí sna struchtúir sin.

Leanadh leis an bpróiseas de spriocanna feidhmiúcháin níos dúshlánaí a shocrú do Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus d'Iarnród Éireann le linn 2016, agus lean an tÚdarás air lena chumas a neartú chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocanna sin. Cabhróidh monatóireacht éifeachtach ar fheidhmiúchán oibreora le seachadadh de chaighdeáin seirbhíse níos airde a chinntiú do chustaiméirí iompair phoiblí. Le linn na bliana, lean an tÚdarás ar aghaidh leis an bpróiseas tairisceana iomaíoch le haghaidh cuid de na seirbhísí bus atá á gcur ar fáil ag Bus Átha Cliath

agus Bus Éireann, agus faoi dheireadh na bliana, rinneadh dul chun cinn mór ar an obair mhionsonraithe sin.

Is éard atá i Nasc Áitiúil ná líonra de sheirbhísí bus tuaithe arna mbainistiú ag raon d'eagraíochtaí neamhspleácha ar son an Údaráis. Is gné fhíorthábhachtach é i seachadadh an iompair phoiblí ar bhonn náisiúnta agus go háirithe sna ceantair tuaithe is iargúlta. Tríd an Nasc Áitiúil, tá an tÚdarás ábalta maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh de sheirbhísí speisialta éagsúla atá saincheaptha chun freastal ar na riachtanais áitiúla de na daoine atá ina gcónaí i gceantair ina bhfuil daonra íseal ann agus tá sé ábalta a chinntiú go bhfuil siad comhtháite go dlúth leis an líonra iompair phoiblí níos leithne.

Go deimhin, cuimsítear cuid mhaith den soláthar foriomlán d'iompar poiblí ar fud an Stáit sna seirbhísí bus poiblí arna gcur ar fáil ag oibreoirí bus tráchtála. Tháinig méadú suntasach ar na seirbhísí seo chomh maith, le méadú de 11% ar líon na bpaisinéirí in 2016.

Ba phríomhrath eile don Údarás é an faomhadh ón Aire do Straitéis Iompair fhadtéarmach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ba chloch mhíle thábhachtach é an t-éacht seo i bhforbairt de chur chuige níos comhtháite maidir le pleanáil iompair agus le húsáid talún sa Stát. Don chéad uair riamh, tá straitéis iompair i bhfeidhm a bhfuil bun reachtúil aici chun treoir a thabhairt do chinntí maidir le soláthar iompair sa réigiún ina bhfuil an daonra is mó ann sa Stát.

Tá an tÚdarás ag tabhairt cúnaimh d'údaráis áitiúla i gcathair réigiúnach na Gaillimhe agus Corcaigh, d'fhonn straitéisí cosúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh dá gceantair. D'ionchorpraigh Comhairle Chathrach na Gaillimhe Straitéis Iompar na Gaillimhe isteach ina plean forbartha reachtúil.

Chuaigh an chuid is mó den infheistíocht chaipitil isteach i seachadadh an tionscadail Luas Traschathrach. Faoi dheireadh na bliana, cuireadh i gcrích formhór na hoibre riain agus cuireadh tús le hobair athshuímh i roinnt ceantar, agus is fianaise é seo den dul chun cinn atá á dhéanamh, agus féadtar an líne dheiridh a fheiceáil de réir a chéile.

Beidh tionchar suntasach ag Luas Traschathrach, a mbeidh tús á chur lena seirbhísí ag deireadh 2017, ar an gcúrsaíocht tráchta sa phríomhcheantar de lár na cathrach. Dá réir sin, lean an tÚdarás ar aghaidh le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath le hullmhúcháin d'fhonn a chinntiú go mbíonn lár na cathrach fós inrochtana do chomaitéirí, siopaeirí, turasóirí agus do chónaitheoirí.

Bhí tuilleadh infheistíochta suntasaí á cur sa cheannach de bhusanna nua, le haghaidh seirbhísí bus atá ar conradh chun próifíl aoise na flíte a chothabháil, rud atá tábhachtach ó thaobh an oibriúcháin de. Go deimhin, tá saoráidí níos fearr ar fáil do na custaiméirí anois leis na busanna nua, agus mar sin de, bíonn na turais níos compordaí.

Is príomhghné de phleanáil agus seachadadh na dtionscadal iompair é an múnlú iompair. In 2016, chuireamar críoch le forbairt agus tástáil de mhúnlaí iompair ilmhódacha nua réigiúnacha. Leis na múnlaí iompair ilmhódacha seo, cumhdaítear an tír uile don chéad uair riamh, agus cabhróidh siad go mór le pleanáil na bhforbairtí iompair ollmhóra ar fud na réigiún.

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil comhairliúchán tábhachtach maidir le hullmhúchán de phleananna nua agus le hathrú rialála. Tugann an tÚdarás go minic faoi phróisis

chomhairliúcháin phoiblí - oscailte agus spriocdhírithe araon - d'fhonn aiseolas a fháil ó na geallsealbhóirí agus ó pháirtithe leasmhara eile. Reáchtáladh roinnt comhairliúchán tábhachtach le linn 2016. Go háirithe, bhí comhairliúcháin ar thodhchaí an líonra iarnróid náisiúnta agus ceadúnú na dtiománaithe d'fheithiclí beaga de chuid na seirbhíse poiblí.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór maidir leis an gceadúnú, teicneolaíocht agus cumarsáid a úsáidtear chun tacsaithe, hacnaithe agus limisíní a rialáil, agus cuireadh chun cinn sábháilteacht, seirbhís agus inrochtaineacht an chustaiméara le linn na bliana, dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Leis an scéim deontais, éascaíodh do 335 feithicil atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí teacht isteach san fhlít. Rolladh amach feasacht ar mhíchumas mar chuid den scéim seo.

Tháinig deireadh dearfach ar an mbliain le tabhairt isteach de sheirbhísí iarnróid comaitéara díreacha nua idir an chonair Chill Dara agus Duga na Canálach Móire, i ndiaidh chur i gcrích de na hoibreacha arna maoiniú ag an Údarás chun uasghrádú a dhéanamh ar thollán iarnróid Pháirc an Fhionnuisce. Tá cuma air, go bhfuil ag éirí thar bharr leis an tseirbhís agus go bhfuil pátrúnacht iarnróid nua á giniúint leis an bpríomhchonair seo. Táimid ag tnúth le soláthar de leibhéil dheireadh seachtaine agus idirbhuaice na seirbhíse a chinntiú ar an líne seo, d'fhonn an móiminteam seo a choimeád.

Is léir ón méid atá thuasluaite go bhfuil sainchúram an-fhairsing ag an Údarás ionas go bhféadfaidh sé méadú. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na hullmhúcháin don Údarás clampáil feithicle a rialáil, i gcomhréir leis na forálacha den Acht um Chlampáil Feithiclí 2015. Ach, níor tháinig an tAcht seo i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana, mar gheall ar shaincheist reachtúil nach raibh aon smacht againn uirthi.

Faoi dheireadh, ar mo shon féin, agus ar son comhaltaí an Bhoird, ba mhaith liom ómós speisialta a thabhairt do John Fitzgerald, a raibh mar Chathaoirleach an Údaráis ón am ar bunaíodh é. Cuimhneofar ar John as a chuid díograis láidir don tseirbhís phoiblí agus as a thiomantas gur chóir an tÚdarás fíor-dhifríocht a dhéanamh do sheachadadh na seirbhísí poiblí sa Stát. Guím gach rath air don todhchaí.



**Anne Graham, Príomhfheidhmeannach**
Bealtaine 2017


TFI
BELMONT
OFFALY
SEATING CAPACITY 14

# Príomh-Éachtaí 2016

## Eanáir

- Fógra d'infheistíocht de €50 milliún i 116 feithicil nua don fhlít Bus Éireann.
- Seoladh d'Aip Bhreisiú Creidmheasa Léime do chustaiméirí a bhfuil fóin cliste android acu atá cumasaithe do NFC.
- Leithdháileadh €13.5 milliún ar thionscadal iompair phoiblí agus ar thionscadail siúlóide agus rothaíochta i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus i bPort Láirge.
- Cuireadh tús le rolladh amach de bhranda nua Nasc-Áitiúil do sheirbhísí iompair tuaithe.
- Tugadh €28 milliún breise chun tacaíocht a thabhairt agus feabhas a chur ar sheirbhísí bus tuaithe, réigiúnacha agus cathrach.
- Ba é an aip shoghluaiste Real Time Ireland an buaiteoir foriomlán ag na Dámhachtainí um Ríomhsheirbhísí an Rialtais 2016.




## Feabhra

- Tabhairt isteach de Bhealach 215A i gCorcaigh agus leis seo, seachadtar seirbhísí bus níos minice idir Machain agus Lár na Cathrach.
- Cuireadh tús leis an gcéad chéim de rolladh amach náisiúnta de phainéil fhaisnéise agus cuaillí stad bus den bhranda Iompar d'Éirinn i gCathair Chorcaí.

## Márta

- Cuireadh i bhfeidhm plean iompair phoiblí comhtháite ollmhór chun cabhrú le saoránaigh páirt a ghlacadh in ócáidí comórtha 1916.
- Eisíodh Sain-Chárta Teaghlaigh Léime chun cabhrú le rannpháirtíocht in ócáidí comórtha 1916.
- Leithdháileadh €23 milliún ar thionscadal iompair phoiblí agus ar thionscadail siúlóide agus rothaíochta i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, sa Mhí agus i gCill Mhantáin.



## Aibreán

- Seoladh den scéim deontais 2016 chun cabhrú le hoibreoirí tascaithe agus hacnaithe, feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach.
- Foilseachán de Straitéis Iompair reachtúil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Tugadh cuireadh don phobal athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe d'Fhaiche an Choláiste chun ligean don Luas Traschathrach.
- Cur i bhfeidhm d'fheabhsúcháin shuntasacha ar bhealaí Bus Éireann idir Cill Dhéagláin / Ráth Tó agus Baile Átha Cliath ar an gconair N2 / M2.





## Bealtaine

- Cumascadh na bealaí 404 agus 410 i gCathair na Gaillimhe chun seirbhís thraschathrach a chur ar fáil le hamanna oibriúcháin agus seirbhísí níos faide ar an Domhnach.
- D'fhaomh an Bord Pleanála pleananna d'áis pháirceála cóiste shealadach i mBaile Átha Cliath.

## Meitheamh

- Comhaontaíodh Dréacht-Straitéis Iompair do Ghaillimh i gcomhar comhairliúcháin phoiblí.
- Osclaíodh ardaitheoir nua atá go hiomlán inrochtana ag Stáisiún iarnróid Uí Chonghaile chun freastal ar ardáin 6/7.
- Tugadh isteach seirbhísí níos minice ar Bhealach 202 i gCathair Chorcaí idir Cnoc na hAoine agus Pointe Mhachain trí lár na cathrach.





## Iúil

- Tugadh dhá sheachtain de thaisteal saor in aisce do Leanaí a bhaineann úsáid as an gCárta Leap chun tuilleadh úsáide de sheirbhísí iompair phoiblí a spreagadh.
- Cuireadh tús le hobair ar sholáthar de 162 scáthlán bus nua a chur nó a athchur ar bhonn náisiúnta
- Tús le seachadadh de 110 bus nua don fhlít bus i mBaile Átha CliathTugadh isteach de rúnsiopadóireacht chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht de Bhus Átha Cliath

# Príomh-Éachtaí 2016

## Lúnasa

- Seoladh d'fheachtas nua chun dul i ngleic le ciníochas ar sheirbhísí iompair phoiblí




## Meán Fómhair

- Déantar an Cárta Leap a chomhtháthú le Rothair Átha Cliath
- Bronnadh conradh oibriúcháin ar Andrew Wharton Limited don Bhealach 975 feabhsaithe, a bheidh níos faide ón gCabhán go dtí an Longfort
- Seoladh de Nasc Áitiúil Chorcaí
- Thug Bus Éireann seirbhís bhaile tiomnaithe nua isteach i nDroichead Átha


## Deireadh Fómhair

- Cuireadh fáilte ar an bpobal athbhreithniú a dhéanamh ar réitigh uilechuimsitheacha atá beartaithe do riachtanais iompair ar an gconair Dumhach Thrá / Muirifin - An Dúcharraig i mBaile Átha Cliath
- Leithdháileadh maoiniú breise ar an gClár Iompar Tuaithe
- Glacann na mílte oibreoirí i roinnt de na cuideachtaí is mó in Éirinn páirt sa Dúshlán Peidiméadair bliantúil chun siúlóid a spreagadh
- Tabhairt isteach de shuirbhéanna rúnsiopadóireachta chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht de Bhus Átha Cliath
- Seoladh de mhúnlaí iompair ilmhódacha réigiúnacha ar fud an Stáit chun tacú le pleanáil iompair de chuid an Údaráis agus gníomhaireachtaí eile



## Samhain

- Cuireadh tús le hoibreacha ar 55 comhartha faisnéise fíor-ama ag stadanna bus i mBaile Átha Cliath
- Tús curtha le hathbhreithniú ar na seirbhísí iarnróid ar fud na tíre - cuireadh fáilte roimh an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas
- Díolacháin Chárta Leap os cionn 2 milliún
  Le hathbhreithniú ar tháillí iompair phoiblí, tugtar tacaíocht d'athrú leanúnach chuig córas táille níos struchtúrtha, níos cothroime agus níos comhtháite - ní raibh aon mhéadú ar tháillí do 75 custaiméir
- Cuireadh tús le seirbhísí paisinéara díreacha go dtí Duga na Canálach Móire ar an gconair iarnróid Chill Dara, i ndiaidh athchóiriú de €14 milliún ar thollán iarnróid Pháirc an Fhionnuisce






- Comhairliúchán poiblí chun tús a chur le hathbhreithniú ar cheangaltais um cheadúnú tiománaithe tacsaí, hacnaí agus limisín
- Seoladh de Nasc Áitiúil Dhún na nGall
- Le hathbhreithniú ollmhór a rinneadh ar sheirbhísí bus do Chathair Luimnigh, soláthraítear minicíocht agus cláir ama níos fearr, chomh maith le bealaí nua

## Nollaig

- Cuireadh tús le hoibreacha tógála le haghaidh fadú ollmhór de Scéim Rothar na Gaillimhe.
- Mar thoradh ar an scéim deontais do thacsaithe agus hacnaithe atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, cuireadh 335 feithicil nua atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí leis an bhflít náisiúnta
- Slógtar an obráid Cathair Oscailte ionas go mbeadh Baile Átha Cliath ag bogadh le linn na tréimhse roimh an Nollaig agus an Bhliain Nua



# 01




# Seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar

Ní raibh aon mhéadú ar tháillí do 75% de phaisinéirí mar thoradh ar an méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí san iompar poiblí agus ar ioncam na dtáillí

# Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh

Chuaigh an tÚdarás isteach i gconarthaí seirbhíse don iompar poiblí le roinnt d'oibreoirí iompair phoiblí, comhlachtaí an Stáit agus cuideachtaí príobháideacha araon, le haghaidh soláthair de sheirbhísí iarnróid agus bus atá riachtanach don tsochaí, ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de. Dá réir sin, áirítear leis na conarthaí seo, íocaíochtaí d'oibreoirí chun fíorchostas de sholáthar na seirbhísí seo a chomhlíonadh. De ghnáth, tugtar Oibleagáid Seirbhíse Poiblí nó seirbhísí "OSP" ar na seirbhísí seo.

Tá dhá chineál conartha seirbhísí ann don iompar poiblí. Is iad sin:-

- Conarthaí glanchostais faoina gcoinníonn an t-oibreoir fáltas táillí uile na bpaisinéirí. Tagann conarthaí an Údaráis le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann sa chatagóir seo;
- Conarthaí glanchostais faoina gcoinníonn an tÚdarás fáltais táillí uile na bpaisinéirí. Tagann gach conradh dá lorgaítear tairiscintí iomaíocha sa chatagóir seo, lena n-áirítear an conradh iarnróid éadroim Luas.[1]

Bronntar roinnt conarthaí gan próiseas tairisceana iomaíoch. Tugtar Conarthaí Bronnta Díreacha orthu siúd. Tá Conarthaí Bronnta Díreacha ag an Údarás le Bus Átha Cliath, Bus Éireann, agus le hIarnród Éireann.

Comhlíonann gach conradh na ceanglais arna leagan amach i Rialachán AE 1370/2007 i leith seirbhísí iompair do phaisinéirí poiblí trí iarnród agus ar an mbóthar.

## Méadú ar Phaisinéirí maidir le Seirbhísí ar Conradh

Tháinig méadú de 10 milliún nó 4.4% ar líon na bpaisinéirí maidir leis na príomhsheirbhísí ar conradh.

D'fhéadfadh líon na bpaisinéirí a bheith níos fearr, ach ní raibh an Luas ná na seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fáil ar feadh 12 lá agus 6 lá, faoi seach, mar gheall ar ghníomh tionscail. Ina theannta sin, bhí an Líne Dhearg den Luas dúnta ar feadh tréimhse de shé seachtaine idir Jervis agus the Point, chun ligean d'oibreacha innealtóireachta a bhain le tógáil an Luas Traschathrach.

*Tábla 1 - Turais phaisinéara bhliantúla ar na príomhsheirbhísí ar conradh (milliúin)*

| Bliain | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Iarnród Éadrom Luas | Clár Iompar Tuaithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2015 | 119.8 | 30.2 | 39.7 | 34.6 | 1.8 | 226.1 |
| 2016 | 125.4 | 32.1 | 42.8 | 34.0 | 1.8 | 236.1 |
| Athrú ar an gCéatadán (%) | +4.7 | +6.3 | +7.8 | -1.7 | 0.0 | +4.4 |

## Ioncaim Phaisinéirí

Leanadh leis an méadú ar ioncaim ó tháillí do na bpríomhoibreoirí d'iompar poiblí

1 Ba é an tÚdarás i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann a chomhbhronn conradh oibriúcháin Luas. Shann an tÚdarás an bhainistíocht laethúil conartha oibriúcháin Luas do Bhonneagar Iompair Éireann.

fóirdheontais uile. Ar an iomlán, tháinig méadú ar na hioncaim de 4.4%.

*Tábla 2 - Ioncaim phaisinéara ó sheirbhísí ar conradh (€milliúin)*

| Bliain | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Luas | Clár Iompar Tuaithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Luas | Clár Iompar Tuaithe | Iomlán |
| 2016 | 212.3 | 83.8 | 193.7 | 54.8 | 6.9 | 551.5 |
| Athrú ar an gCéatadán (%) | +3.2 | +7.7 | +5.2 | +0.7 | +15.0 | +4.4 |

## Íocaíochtaí maidir le seirbhísí ar conradh

I dTábla 3, cuirtear sonraí ar fáil maidir le híocaíochtaí cúitimh a rinne an tÚdarás leis na hoibritheoirí de sheirbhísí bus agus iarnróid.

I gcás iarnród éadrom Luas, bhí na hioncaim os cionn na gcostas oibriúcháin. Dá réir sin, íocadh na costais oibriúcháin le táillí agus le hioncaim eile agus ní raibh gá le fóirdheontais eile. Gineadh barrachas oibríochtúil de €5.4 milliún, i gcomparáid le €4.3 in 2015. Úsáidtear an barrachas seo chun cothabháil an líonra Luas a chómhaoiniú.

I gcomhréir leis na téarmaí de chonradh an Údaráis le Bus Átha Cliath, níor tugadh íocaíochtaí de luach €1.1 milliún don oibreoir ós rud é nach raibh sé ábalta a sheirbhísí a fheidhmiú ar feadh 6 lá i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair mar gheall ar ghníomh tionscail.

*Tábla 3 - Íocaíochtaí conartha le hoibreoirí iompair phoiblí*[2]

| Oibreoir / Clár | Cineál Seirbhíse | Cineál Conartha | Ceantar nó Bealach Oibriúcháin | Íocaíocht chúitimh 2015 (€m) | Íocaíocht chúitimh 2016 (€m) |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarnród Éireann | Iarnród | Bronnadh Díreach | Náisiúnta | 98.2 | 133.0 |
| Bus Átha Cliath | Bus | Bronnadh Díreach | Baile Átha Cliath | 57.7 | 59.6 |
| Bus Éireann | Bus | Bronnadh Díreach | Náisiúnta (gan Baile Átha Cliath san áireamh) | 33.7 | 40.9 |
| Clár Iompar Tuaithe | Bus / Iompar Freagrúil ar an Éileamh | Éagsúil | Náisiúnta | 10.7 | 11.9 |
| Éagsúil | Bus | Tairgthe | 817 / 828 / 975 | 0.3 | 0.4 |
| Transdev Ireland Limited | Iarnród Éadrom (Luas) | Tairgthe | Ceantar Uirbeach Bhus Átha Cliath | 0.0 | 0.0 |
| **Iomlán** | | | | **200.6** | **245.8** |

2 tar éis aon asbhaint feidhmiúcháin

## Conarthaí Bronnta Díreacha

Ag deireadh na bliana, chuir an tÚdarás tús le tabhairt isteach de réir a chéile de tháscairí feidhmiúcháin cáilíochta seirbhíse nua le haghaidh na gconarthaí bronnta díreacha le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.

Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht cháilíochta na seirbhíse, le suirbhéanna rúnsiopadóireachta leanúnacha arna gcoimisiúnú díreach ag an Údarás. Sna suirbhéanna seo, déantar measúnú ar nithe ar nós glaineacht bhus, seirbhísí do chustaiméirí, soláthar d'fhaisnéis na dtáillí ar bord agus oibriúchán den bhus ceart don bhealach. Bíonn asbhaintí íocaíochtaí feidhmiúcháin is infheidhme má theipeann ar na spriocanna conartha a chomhlíonadh.

## Conarthaí Tairiscintí Iomaíocha

Bronnadh conarthaí nua le haghaidh soláthar de sheirbhísí paisinéara bus ar Bhealaí 828 (An Caiseal - Port Laoise) agus 975 (An Cabhán - Longfort) ar M&A Coaches Limited agus ar Andrew Wharton Limited faoi seach, i ndiaidh próiseas ar leith um thairiscint iomaíoch. Leis na conarthaí nua, cuireadh ar fáil níos mó seirbhísí ar na bealaí seo. Athdhearadh Bealach 828 chun an t-iarbhealach 828X a ionchorprú.

Chuir an tÚdarás a rogha i bhfeidhm maidir le téarma an chonartha a fhadú don Bhealach 817 (Cill Chainnigh - Baile Átha Cliath) arna n-oibriú ag Bernard Kavanagh & Sons Limited.

I mí na Nollag, chuaigh an téarma den chonradh ar leith do Bhealach 817 (Caisleán an Chomair- An Nás) arna bhfeidhmiú ag Bus Éireann. Ach, i ndiaidh athbhreithnithe ar an tseirbhís, áfach, cinneadh nach ndéanfar tairiscint arís don tseirbhís seo, mar gheall ar líon an-íseal de phaisinéirí.

Leanadh le hobair ar thairiscint iomaíoch de bhealaí áirithe, arna bhfeidhmiú faoi láthair ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann. D'eisigh an tÚdarás cuireadh ar cháipéisí tairisceana a idirbheartú le haghaidh na mbealaí Bus Átha Cliath agus Bus Éireann i bPort Láirge. Críochnaíodh formhór an ullmhúcháin den cháipéisiú tairisceana le haghaidh na mbealaí Bus Éireann i gCill Dara.

## Feidhmíocht na nOibreoirí ar Conradh

Mar gheall ar ghníomh tionscail, níor oibrigh na seirbhísí Luas ar feadh 12 lá idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine agus níor oibrigh na seirbhísí Bhus Átha Cliath ar feadh 6 lá idir mhí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair. Sa dá chás, rinneadh asbhaintí cuí ó na híocaíochtaí a bhí dlite leis na hoibreoirí faoi na téarmaí dá gconarthaí leis an Údarás.

Taispeántar i dTábla 4 an treocht i gciliméadair fheithicle arna n-oibriú ag na príomhoibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí bus agus iarnróid faoi réir conarthaí iompair phoiblí.

Taispeántar i dTábla 5 go 9 an chaoi ar fheidhmigh na hoibreoirí i leith a gcuid spriocanna um poncúlacht agus iontaofacht. Buaileann an tÚdarás go rialta leis na hoibreoirí go léir chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun comhaontú ar ghníomhartha leasúcháin a théann i ngleic le héagsúlachtaí.

*Tábla 4 - Ciliméadair fheithicle oibrithe bliantúla (milliúin)*

| Bliain | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Transdev Ireland - Luas |
|---|---|---|---|---|
| 2015 | 55.3 | 33.8 | 16.0 | 3.7 |
| 2016 | 55.3 | 35.7 | 16.0 | 3.5 |
| Athrú ar an gCéatadán (%) | 0.0 | +5.6 | 0.0 | -5.4 |

*Tábla 5 - Feidhmíocht Iarnród Éireann ó thaobh spriocanna*

| Catagóir | Tomhas | Sprioc (céatadán) | Toradh (céatadán) |
|---|---|---|---|
| Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibrítear | 99 | 99.9 |
| Poncúlacht | Céatadán na dtraenacha ag oibriú laistigh de spriocanna poncúlachta:- | | |
| | › Seirbhísí Idir-Chathrach (ag teacht isteach laistigh de 10 nóiméad) | 90 | 96.7 |
| | › Seirbhísí buaice Comaitéara agus DART (ag teacht isteach laistigh de 10 nóiméad) | 92 | 97.8 |
| | › Seirbhísí seachbhuaice Comaitéara agus DART (ag teacht isteach laistigh de 5 nóiméad) | 87 | 97.5 |

*Tábla 6 - Feidhmíocht Bhus Átha Cliath ó thaobh spriocanna*

| Catagóir | Tomhas | Sprioc (céatadán) | Toradh (céatadán) |
|---|---|---|---|
| Iontaofacht | Céatadán na bhfeithiclí i mbun seirbhíse | 98 | 98.6 |
| Iontaofacht | Céatadán na ndualgas tiománaí a oibrítear | 98 | 99.2 |
| Poncúlacht | Céatadán na seirbhísí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh de 5 nóiméad den am imeachta sceidealaithe de réir an tráthchláir | 95 | 95.4 |

*Tábla 7 - Feidhmíocht Bhus Éireann ó thaobh spriocanna*

| Catagóir | Tomhas | Sprioc (céatadán) | Toradh (céatadán) |
|---|---|---|---|
| Iontaofacht | Céatadán na bhfeithiclí i mbun seirbhíse | 98 | 99.9 |
| Iontaofacht | Céatadán na ndualgas tiománaí a oibrítear | 98 | 100 |
| Poncúlacht | Céatadán na seirbhísí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh den sprioctheorainn den am imeachta sceidealaithe de réir an tráthchláir:- | | |
| | › Seirbhísí Iompair Céime (10 nóiméad) | 95 | 96.7 |
| | › Seirbhísí Chathair Chorcaí (5 nóiméad) | 90 | 93.7 |
| | › Seirbhísí Chathair Luimnigh / na Gaillimhe / Phort Láirge (5 nóiméad) | 87 | 94.2 |
| | › Seirbhísí Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath (10 nóiméad) | 95 | 96.5 |

*Tábla 8 - Feidhmíocht Luas ó thaobh spriocanna*

| Catagóir | Tomhas | Sprioc | Toradh |
|---|---|---|---|
| Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí a seachadadh de réir an tráthchláir | 100% | 95% |
| Poncúlacht | Breis ama feithimh | 0.2 nóiméad | 0.4 nóiméad |

*Tábla 9 - Feidhmíocht ó thaobh spriocanna ag oibreoirí conartha eile*[3]

| Oibreoir (Bealach) | Catagóir | Tomhas | Sprioc (céatadán) | Toradh (céatadán) |
|---|---|---|---|---|
| M&A Coaches Limited (828/828X) | Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibrítear thar an mbealach iomlán | 99 | 100 |
| | Poncúlacht | Céatadán na bhfeithiclí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh den sprioctheorainn den am imeachta sceidealaithe de réir an tráthchláir | 98 | 100 |
| Andrew Wharton Limited (975) | Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibrítear thar an mbealach iomlán | 99 | 100 |
| | Poncúlacht | Céatadán na bhfeithiclí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh den sprioctheorainn den am imeachta sceidealaithe de réir an tráthchláir | 98 | 100 |
| Bernard Kavanagh and Sons Limited (817) | Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibrítear thar an mbealach iomlán | 99 | 100 |
| | Poncúlacht | Céatadán na bhfeithiclí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh den sprioctheorainn den | 98 | 100 |
| Bernard Kavanagh and Sons Limited (817) | Iontaofacht | Céatadán na seirbhísí sceidealaithe a oibrítear thar an mbealach iomlán | 99 | 99.8 |
| | Poncúlacht | Céatadán na bhfeithiclí ag fágáil an árais cheann aistir laistigh den sprioctheorainn den | 98 | 86 |

3 Rinneadh asbhaint chuí ón íocaíocht a bhí dlite le Bus Éireann faoi na téarmaí dá chonradh leis an Údarás, mar gheall nár éirigh leis an gCuideachta a sprioc feidhmíochta a chomhlíonadh.

## Táillí ar Sheirbhísí ar Conradh

I mí na Samhna, d'fhaomh an tÚdarás raon de choigeartuithe ar tháillí maidir le

- Seirbhísí arna gcur ar fáil faoi Chonarthaí Bronnta Díreacha ag Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann; agus
- na seirbhísí Luas.

Tháinig na hathruithe táille i bhfeidhm an 1 Nollaig. Níor tháinig aon athrú nó laghdaíodh na táillí do 75% de na paisinéirí go léir.

De ghnáth, cinntítear táillí i ndáil le seirbhísí conartha eile le linn an phróisis tairisceana le haghaidh na seirbhísí sin.



***Tábla 10 - Athruithe faofa ar tháillí***

| Seirbhís | Cineál Táille | Athrú |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann | Cárta Leap d'Aosach sa Chrios Turais Ghairid (CTG) Baile Átha Cliath, singil airgid, fillte, 3-lá & 7-lá | 0.0% |
| | Cárta Leap do Leanaí CTG agus ticéad airgid singil agus fillte | 0.0% |
| | Leanaí scoile airgid CTG | 0.0% |
| | Leanaí scoile Leap CTG | 2.7% |
| | Ticéad idirchathrach singil agus fillte, Aosaigh, Leanaí & Mic léinn | 0.0% |
| | Ticéad idirchathrach seachtainiúil | 0.0% go 2.3% |
| | Comaitéir réigiún Chorcaí | 0.0% go 5.0% |
| | Míosúil agus bliantúil le haghaidh Iarnród Éireann & il-oibreoir | 0.0% go 4.2% |
| Bus Éireann | Singil airgid agus Leap Iompair Chéime, Aosaigh, Leanaí & Mic léinn | -4.0% go 0.0% |
| | Ticéad fillte Leanaí & Mic Léinn Iompair Chéime agus 10 dTuras | -5.1% go 0.0% |
| | Ticéad fillte d'Aosach Iompair Chéime agus 10 dTuras | -5.0% go 4.9% |
| | Ticéid bhliantúla agus mhíosúla Bus Éireann | -9.4% go 2.8% |
| | Táillí Leap Cathrach | -0.9% go 1.3% |
| | Táillí Airgid Cathrach | 3.3% go 5.0% |
| | Ticéid réamhíoctha Leap | -5.9% go 2.6% |
| | Táillí míosúla agus bliantúla iloibreoirí réigiún Chorcaí | 0.0% |
| | Táillí míosúla agus bliantúla iloibreoirí eile | 2.0% |
| | Táillí seirbhísí baile | -3.8% go 5.9% |
| Bus Átha Cliath | Ticéid mhíosúla agus bliantúla Bhus Átha Cliath | 0.0% |
| | Leap singil agus airgid d'Aosach | 0.0% |
| | Leap singil agus airgid do Leanaí | 0.0% |
| | Singil airgid leanaí scoile | 0.0% |
| | Singil Leap leanaí scoile | 2.6% |
| | Ticéid réamhíoctha agus Nitelink | 0.0% go 2.9% |
| | Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibreoirí | 1.9% go 2.4% |

| Seirbhís | Cineál Táille | Athrú |
|---|---|---|
| Luas | Leap singil agus airgid do Leanaí | 0.0% |
| | Leap singil agus airgid d'Aosaigh | -2.7% go 7.4% |
| | Ticéid fhillte airgid d'Aosaigh agus do Leanaí | -1.9% go 9.5% |
| | Ticéid réamhíoctha d'Aosaigh, Leanaí agus Mic Léinn | -4.2% go 6.3% |
| | Ticéid mhíosúla agus bhliantúla spárála cánach Luas | 9.9% |
| | Ticéid mhíosúla agus bhliantúla il-oibreora | 1.9% go 2.4% |

## Athruithe ar Sheirbhísí ar Conradh

Athbhreithnítear go rialta na seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthraítear faoi chonarthaí seirbhísí iompair phoiblí chun freagairt d'athruithe san éileamh. Faomhann an tÚdarás gach athbhreithniú atá beartaithe sula gcuirtear i bhfeidhm iad.

Nuair a bheartaítear athruithe ollmhóra ar sheirbhísí atá ann cheana, tugann an t-oibreoir faoi chomhairliúchán poiblí d'fhonn aird a thabhairt ar thuairimí na gcustaiméiri.

Thug Iarnród Éireann faoi chomhairliúcháin maidir leis na hathbhreithnithe atá beartaithe don tráthchlár DART agus don tráthchlár atá beartaithe do na seirbhísí iarnróid atá ag feidhmiú trí thollán Pháirc an Fhionnuisce.

Rinne an tÚdarás breithniú ar 108 togra d'athruithe ar sheirbhísí bus agus iarnróid, agus faomhadh 99 togra, níor faomhadh ceann amháin, agus bhí breithniú á dhéanamh ar 8 gcinn ag deireadh na bliana.

*Tábla 11 – Athruithe ar Sheirbhísí ar Conradh*

| | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann |
|---|---|---|---|
| Faofa | 24 | 73 | 2 |
| Faofa páirt de | 0 | 0 | 0 |
| Neamhfaofa | 0 | 1 | 0 |
| Iarchurtha | 1 | 0 | 0 |

Tá cur síos ar na príomhathruithe a cuireadh i bhfeidhm sna hailt seo a leanas.

### Bus Átha Cliath

- I mí Feabhra, faomhadh athchumraíocht ollmhór ar líonra na seirbhísí sna ceantair Dún Laoghaire, An Naigín agus Baile Uí Lachnáin (Bealaí 7, 7A, 7B, 7D, 8, 63, 59, agus 111) agus tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna. Is é an príomhbhuntáiste de na hathruithe seo ná soláthar de nasc nua idir an ceantar Dún Laoghaire agus an chonair go Baile Átha Cliath tríd an Eastát Tionsclaíochta Áth an Ghainnimh agus Dún Droma tríd an acomhal ag an stad Luas Ghleann Bhríde.
- Tugadh isteach seirbhísí breise le haghaidh na mbuaicuaireanta ar Bhealaí 25B (An Leamhcán) agus 84X (An Caisleán Nua / Cill Chomhghaill) chun freastal ar an éileamh méadaithe.
- Tugadh isteach athruithe breise ar sheirbhísí agus bealaí d'fhonn éascú do thógáil an Luas Traschathrach.

## Bus Éireann (Cathracha Réigiúnacha)

- Taispeántar i dTábla 12 feidhmíocht na ngréasán bus le déanaí sna cathracha réigiúnacha. Tháinig fás gan staonadh ar tharraingt agus fáltas i gCorcaigh agus bhí athshlánú ann i nGaillimh agus i Luimneach. Cuireadh i bhfeidhm na hathruithe seo a leanas chun cur leis an rath sin.

**Corcaigh**

- Tugadh isteach Bealach 215A chun méadú a chur ar sheirbhísí le linn na seachtaine ar Bhealach 215.
- Tugadh isteach Bealach 220X chun leas a bhaint as ailínithe níos dírí agus níos spriocdhírithe go dtí an chathair ó Bhaile an Chollaigh.
- Treisíodh leibhéal na seirbhíse ar Bhealach 202 le hathruithe ar an mbealach i gceantar Loch Machan.
- Fadaíodh Bealach 203 go dtí ceantar an Leitheanaigh Mhóir ón áras ceann aistir atá ann cheana i mBaile Féitheán.

**Gaillimh**

- Rinneadh cumasc de Bhealaí 404 agus 410 agus cruthaíodh Bealach 404 traschathrach amháin.
- Fadaíodh an Bealach 405 tuilleadh isteach in Eastát Tionsclaíochta an Bhaile Bháin.
- Méadaíodh leibhéal na seirbhíse ar Bhealach 409 go 5 bus in aghaidh na huaire.

**Luimneach**

- Tugadh isteach Bealach 304A ar fud na cathrach ón Ráithín go Móin an Lín agus Ollscoil Luimnigh, le roinnt athbhreithnithe gaolmhara ar Bhealaí 301, 302 agus 304, lena n-áirítear méadú suntasach ar leibhéil seirbhíse sa tráthnóna agus ar an deireadh seachtaine

*Tábla 12 - Tionchar den atheagrú ar sheirbhísí Bhus Éireann i gcathracha réigiúnacha*[4]

| Cathair | Corcaigh | | Gaillimh | | Luimneach | | Port Láirge | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2015** | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** | **2016** |
| Paisinéirí (m) | 11.8 | 12.6 (+6.8%) | 4.0 | 4.2 (+5.0%) | 2.8 | 2.9 (+3.6%) | 0.8 | 0.8 (0%) |
| Ioncam ó na táillí (€m) [5] | 17.7 | 19.6 (+10.7%) | 5.3 | 5.8 (+9.4%) | 3.4 | 3.6 (+5.9%) | 0.7 | 0.7 (0%) |

## Bailte Móra

- Leanadh le hobair a dhéanamh chun na seirbhísí baile atá ann cheana a athchumrú i mbailte móra ar bhonn náisiúnta chun freastal ar an éileamh d'iompar inbhuanaithe ar bhealach níos éifeachtaí sna bailte sin (m.sh. Droichead Átha, Baile Átha Luain agus An Uaimh) agus chun seirbhísí bus a thabhairt isteach i mbailte ina n-aithnítear éileamh di ach nach bhfuil seirbhís á soláthar

4 Sonraí faighte ó Bhus Éireann
5 Eisiaitear íocaíochtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí faoin Scéim Saor-Thaistil

faoi láthair (m.sh. Cathair Chill Chainnigh, an Muileann gCearr agus Leitir Ceanainn).

- I mí na Bealtaine, d'fhaomh an tÚdarás athchumrú suntasach ar an t-seirbhís bhaile i mBaile Átha Luain, ach ní raibh sé seo curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana mar gheall ar shaincheisteanna acmhainní.
- I mí Mheán Fómhair, tugadh isteach athchumrú ar an mbealach D1 de Bhus Éireann ón Inse agus ó Bhaile an Bhiataigh isteach go Droichead Átha.

### Bus Éireann (Bealaí Eile)

- I mí Aibreán, faomhadh athchumrú ollmhór de na Bealaí 103 agus 105, ina raibh tabhairt isteach de Bhealaí 103X agus 105X i gceist chun leas a bhaint as buntáistí ama turais, arna soláthar ag an mótarbhealach M3, feabhsúcháin ar leibhéal na seirbhíse bus ó Ráth Tó agus Cill Dhéagláin go Cathair Bhaile Átha Cliath agus soláthar den tseirbhís dhíreach ó Bhaile Bhlainséir go Droichead Átha trí Bhaile Shláine.
- Rinneadh athbhreithnithe ar Bhealach 350 d'fhonn séasúr an tsamhraidh a fhadú chun freastal ar an éileamh ar bhealach níos fearr.
- Rinneadh cumasc idir Bealaí 458 agus 66 agus tugadh isteach Bealach 458 nua-chumraithe (Béal an Átha - Sligeach - Baile Hamaltúin - Inis Ceithleann) i mí Aibreáin.

### Iarnród Éireann




- I ndiaidh athoscailt de Thollán Pháirc an Fhionnuisce, tugadh isteach seirbhísí nua ar an líne iarnróid Chill Dara i mí na Samhna, lena soláthraítear bealach díreach go cenn scríbe fostaíochta, miondíola agus siamsaíochta i lár na cathrach. Ar dtús, ní raibh na seirbhísí nua á gcur ar fáil ach amháin le linn buaicuaireanta d'fhonn seirbhísí ar feadh an lae agus i rith na deireadh seachtaine a chur ar fáil tar éis tréimhse gairide.
- I mí an Mhárta, d'fhaomh an tÚdarás feabhas ar an tseirbhís DART go gach 10 nóiméad (6 traein in aghaidh na huaire), ach ní raibh sé seo curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana mar gheall ar dheacrachtaí oibriúcháin.

## Seirbhísí Bus Ceadúnaithe

Gach bliain, bailíonn agus foilsíonn an tÚdarás staitisticí maidir le hoibreoirí bus tráchtála ceadúnaithe.

Taispeántar sna staitisticí don bhliain 2016 gur tháinig méadú suntasach ar thurais phaisinéara, agus mar thoradh air seo, bhí méadú ar an gcion foriomlán den mhargadh bus atá faoi sheilbh na n-oibreoirí bus tráchtála ceadúnaithe.

Ar leibhéal náisiúnta, tháinig méadú de 11% ar thurais phaisinéara ar sheirbhísí bus

tráchtála ó 2015 go 2016. Bhí an ráta fáis níos airde i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (12%) i gcomparáid leis an gcuid eile den Stát (5.2%).

In 2016, b'ionann na seirbhísí bus ceadúnaithe agus 9.6% de na turais iompair phoiblí go léir agus 14% de na turais phaisinéara bus go léir sa Stát.

## Gníomhaíocht Cheadúnúcháin

Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíocht cheadúnúcháin bus le linn na bliana, agus is dócha go raibh sé seo mar gheall ar an dtimpeallacht eacnamaíoch atá éirí níos fearr, chomh maith leis an bhfeasacht atá ag dul i méid maidir leis na riachtanais cheadúnaithe bhus, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí oideachais agus forfheidhmithe á gcur ar fáil ag an Údarás.

Rinne an tÚdarás cinntí maidir le 729 iarratas ar cheadúnas, méadú de 264 ón mbliain roimhe sin (féach ar Tábla 13). Ach, in ainneoin an mhéadaithe shuntasaigh agus na castachta, atá ag dul i méid, a bhaineann leis na hiarratais, bhí an tÚdarás ábalta os cionn 60% de na hiarratais a phróiseáil laistigh de na spriocamanna táscacha, arna leagan amach i dTreoirlínte an Údaráis um Cheadúnú de Sheirbhísí Paisinéara Bus Poiblí.

***Tábla 13 – Gníomhaíocht Cheadúnúcháin Bhus***

| | Faighte / Tairgthe[6] | Eisithe | Cealaithe | Diúltaithe | Próiseáladh é laistigh de na spriocamanna táscacha |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratas nua | 222 / 207 | 172 | 49 | 16 | 163 |
| Leasú ar cheadúnas atá ann cheana | 234 / 115 | 254 | 10 | 3 | 178 |
| Aistriú ar cheadúnas atá ann cheana chuig oibreoir eile | 13 / 0 | 13 | 0 | 0 | n/a |
| Ceadúnas a chur ar fionraí | 8 / 0 | 8 | 0 | 0 | n/a |
| Athnuachan de cheadúnas atá ann cheana | 252 / 0 | 260 | 0 | 0 | n/a |

## Gníomhaíocht Chomhlíonta

Ghlac an tÚdarás cur chuige priacal-bhunaithe maidir le comhlíonadh. Leis an gcur chuige seo, dírítear ar na hoibríochtaí comhlíonta maidir leis na gníomhaíochtaí á ndéanamh ag na hoibreoirí, atá ina bpriacal do shláine an chórais cheadúnaithe busanna nó do shábháilteacht na bpaisinéirí bus agus d'úsáideoirí bóithre eile.

Rinne an tÚdarás roinnt oibríochtaí forfheidhmithe, follasach agus faoi cheilt araon, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear An Garda Síochána, TISPOL (Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta), an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an

6 Faighte = Fuarthas iarratas bailí ón iarratasóir. Tairgthe = Táirgeadh ceadúnas don iarratasóir faoi réir íocaíochta den táille cuí agus soláthar de cháipéisí áirithe.

Roinn Coimirce Sóisialaí.

D'eisigh an tÚdarás 29 toghairm i gcomhair cionta éagsúla faoin Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009.

### Athbhreithniú Ceadúnúcháin Bhus

Chríochnaigh an tÚdarás a athbhreithniú ar Chuid 2 den Acht um Rialúchán an Iompair Phoiblí 2009, faoi mar a cheanglaítear le halt 25 den Acht. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

### Seirbhísí Bus Idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil in Éirinn chun críocha Rialachán AE 1073 de 2009 maidir le rialacha comónta i leith rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus. I gceist anseo, tá eisiúint na n-údarúchán le hoibreoirí bus Éireannacha chun seirbhísí bus lasmuigh den Stát a oibriú, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibreoirí bus ó thíortha eile agus é seo a shlánú nuair a fheidhmíonn siad laistigh den Stát. Ní mór d'aon údarú a eisiúint i gcomhaontú leis na húdaráis ó na Ballstáit go léir, ina gcríocha ina ligtear nó ina mbailítear paisinéirí.

*Tábla 14 – Gníomhaíocht cheadúnúcháin bhus idirnáisiúnta*

| Cineál | Faighte | Tairgthe | Eisithe | Cealaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratas (ó oibreoir Éireannach) | 5 | 4 | 1 | 0 | 1[7] |
| Leasú (le hoibreoir Éireannach) | 5 | 8 | 5 | 0 | 0 |
| Athnuachan (le hoibreoir Éireannach) | 11 | 11 | 8 | 0 | 0 |
| Dlínsí eile (le hoibreoir eile ón AE) | 14 | 11 | n/a | n/a | 0 |
| **Iomlán** | **35** | **34** | **14** | **0** | **1** |

# Athbhreithniú Iarnróid

I mí na Samhna, chomhfhoilsigh an tÚdarás agus Iarnród Éireann athbhreithniú maidir le seirbhís iarnróid.

San athbhreithniú, rinneadh scrúdú ar an líonra iarnróid náisiúnta atá sé á fheidhmiú faoi láthair agus acmhainneacht an t-éileamh taistil sa todhchaí a chomhlíonadh chomh maith leis na spriocanna chomhshaoil. Aithníodh maoiniú mar an príomhdhúshlán atá os comhair an líonra iarnróid. San athbhreithniú, rinneadh anailís ar an maoiniú atá riachtanach chun an líonra reatha agus sa todhchaí a chothabháil agus aithníodh bearna mhaoiniúcháin atá ag cur baic ar phleananna fáis Iarnród Éireann.

Tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara go léir aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an Athbhreithniú faoi thús na bliana 2017.

7 Diúltaithe ag Ballstát eile ón AE

# Clár Iompar Tuaithe - Nasc Áitiúil



Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú de €11.9 milliún ar fáil don Chlár Iompar Tuaithe. Is méadú suntasach é seo ar an €10.7 milliún a cuireadh ar fáil in 2015. Leithdháil an Roinn Coimirce Sóisialaí €1.5 milliún freisin don Chlár chun na costais de sholáthar na seirbhísí a chomhlíonadh maidir le sealbhóirí de phasanna saorthaistil. Is iad na táillí paisinéara an tríú fhoinse ioncaim don iompar tuaithe.

Leis an maoiniú breise ar thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ligeadh d'oifigí Naisc Áitiúil ar fud na tíre leanúint ar aghaidh le feabhsúcháin shuntasacha a chur i bhfeidhm ar leibhéal agus raon de na seirbhísí bus amuigh faoin tuath.

I dTábla 15, leagtar amach na seirbhísí bus nua atá á gcur ar fáil faoin tuath in Éirinn. Is príomhghné de na seirbhísí seo ná soláthar de chomhtháthú níos fearr le seirbhísí iompair phoiblí príomhshrutha atá ann cheana agus nasc níos fearr de sheirbhísí idir na bailte agus a ndobharcheantair i gceantair tuaithe.

***Tábla 15 - Seirbhísí iompair tuaithe le hardmhinicíocht nua***

| Ceantair Naisc Áitiúil | Ó | Go |
|---|---|---|
| An Cabhán / Muineachán | Seirbhís Bhaile an Chabháin | Ag síneadh go Béal Átha hÉis |
| An Cabhán / Muineachán | Seirbhís Bhaile an Chabháin | Ag síneadh go Béal Átha na nEach |
| Dún na nGall | An Clochán | Leitir Ceanainn |
| Dún na nGall | Ailt an Chorráin tríd an gClochán Liath | Leitir Ceanainn |
| Dún na nGall | Gleann Cholm Cille | Baile Dhún na nGall |
| Ciarraí | Corra - Na Coirríní - Na Foidhrí | Trá Lí |
| Ciarraí | An Coireán | Cathair Saidhbhín |
| Laois / Uibh Fhaillí | Pollach - Béal Átha Chomair | Clóirtheach |
| Laois / Uibh Fhaillí | Mount Lucas | Port Laoise |
| Laois / Uibh Fhaillí | Mount Lucas | Tulach Mór |
| Luimneach | Baile Uí Argáin - Cill Mocheallóg - An Ráth | Dún ar Áill |
| An Lú / An Mhí / Fine Gall | Steach Maoilín | Baile Brigín |
| An Lú / An Mhí / Fine Gall | Cill Dealga - Baile Íomhair | Kilcock |
| Sligeach / Liatroim / Ros Comáin | Mainistir na Búile | Baile Ros Comáin |

| Ceantair Naisc Áitiúil | Ó | Go |
|---|---|---|
| Sligeach / Liatroim / Ros Comáin | An Caisleán Riabhach | Bealach an Doirín |
| Sligeach / Liatroim / Ros Comáin | Béal an Átha Móir - Maothail | Cora Droma Rúisc |
| Port Láirge | Tulach an Iarainn - Ceapach Choinn - An Lios Mór - Mainistir Fhear Maí | Dún Garbháin |
| Port Láirge | Trá Mhór - Dún Garbháin | Port Láirge |
| An Longfort / An Iarmhí | Gránard - Béal Átha na Lao | Longfort |
| An Longfort / An Iarmhí | Baile Uí Mhatháin | Longfort |
| Loch Garman | Cuan Ros Láir | Loch Garman |

Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas d'atairiscint ar an 1,035 seirbhís ar conradh atá ann cheana leis an gcur i gcrích den chéim iar-cháilíochta chun na hoibreoirí bus intofa a aithint chun cur isteach ar oibriú na seirbhísí iompair tuaithe.

I ndiaidh athbhreithnithe mhionsonraithe ar na riachtanais i ngach ceantar Naisc Áitiúil, d'fhaomh an tÚdarás maoiniú breise do sheirbhísí iompair pobail aonuaire. Tugadh maoiniú do raon leathan de sheirbhísí iompair tuaithe nuálach faoin scéim seo thar roinnt catagóirí lena n-áirítear an óige, comhtháthú agus cultúr / oideachas. Áiríodh soláthar na seirbhísí chun ligean don lucht iarrtha tearmainn in ionaid soláthair dhíreacha nasc a dhéanamh le pobail áitiúla agus do mhic léinn a bhfuil drochthaifid thinrimh acu nó iompraíocht dhúshlánach rochtain a bheith acu ar chúrsaí éagsúla.

Leanadh le hobair a dhéanamh ar dheiseanna um chomhtháthú a aimsiú tríd an gClár Iompar Tuaithe agus na riachtanais iompair éigeandála neamhleighis d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus de na seirbhísí a fhaigheann maoiniú ón FSS.

Leanadh le hobair freisin ar fheabhas a chur ar fheidhmiúlacht an Chóras Bainistíochta Iompair Chomhtháite. Sna hoifigí Naisc Áitiúil go léir, rolladh amach an córas, a chuireann córas láraithe ar fáil do sceidealú na mbealaí agus na n-áirithintí de na paisinéirí ar sheirbhísí. Ba phríomhthionscnamh í forbairt d'aip chun cumarsáid le tiománaithe a éascú tríd an ngréasán fóin shoghluaiste, lena nginfear éifeachtúlacht riaracháin agus taifeadú níos cruinne maidir le húsáid seirbhíse.

Rinne an tÚdarás scrúdú ar an gcóras ticéadaithe is cuí don Chlár Iompar Tuaithe. I measc na réimsí béime áirithe bhí an úsáid de theicneolaíocht ar bord chomh maith leis an gcomhtháthú féideartha den Chárta Leap.

# 02




# Feabhas a chur ar an eispéireas taistil

Díoladh beagnach 645,000 Cárta Leap agus eisíodh os cionn 2 mhilliún cárta ar an iomlán

# An Cárta Leap




Tháinig méadú suntasach arís ar scéim an Chárta Leap i ngach ceantar.

Díoladh beagnach 645,000 cárta agus eisíodh os cionn 2 mhilliún cárta ar an iomlán faoi mhí na Samhna. Cé gur thóg sé ceithre bliana milliún amháin de chártaí a dhíol, níor thóg sé ach bliain amháin an marc de 2 mhilliún a shroicheadh. Is ionann an luach carnach de bhreisiú creidmheasa a phróiseáladh idir sheoladh an Cárta Leap i mí na Nollag 2011 agus deireadh na bliana 2016 agus €413 milliún..

Tugadh faoi athnuachan ar oifig an Chárta Leap d'fhonn an bonneagar ríomhaireachta a athchur ag an oifig, lena dtugtar isteach feabhsúcháin ar an gcóras agus timpeallacht níos fearr maidir le hathshlánú ó thubaiste.

Le linn na mblianta atá le teacht, beidh gá ar an trealamh ticéadaithe atá in úsáid faoi láthair a athchur. Go hidirnáisiúnta, tá an treocht i dtreo ticéadaithe bunaithe ar chuntas, lena n-áirítear an cumas glacadh le fóin chliste, cártaí bainc gan tadhall agus bealaí aitheantais uathúil eile.

Dá réir sin, chuir an tÚdarás tús le clár fadtéarmach chun ullmhúchán a dhéanamh do bhealach comhleanúnach don chéad éabhlóid eile de scéim an Chárta Leap. Cuireadh tús le ceacht comhairliúcháin mhargaidh agus bhuail an tÚdarás le roinnt soláthraithe féideartha maidir le scóip an chláir agus an costas tionscnamh.

*Tábla 16 – Staitisticí don Chárta Leap*

| Táscaire Feidhmiúcháin | Iomlán do 2015 | Iomlán do 2016 | Iomlán ó seoladh é i mí na Nollag 2011 |
|---|---|---|---|
| Cártaí díolta | 565,659 | 644,959 | 2,078,710 |
| Turais ag baint úsáide as Cárta Leap[8] | 98 milliún | 112.7 milliún | 250 milliún |
| Ioncam Íoc-mar-a-úsáidtear | €113 milliún | €144 milliún | €331 milliún |
| Ioncam ó tháirge Leap[9] | €87 milliún | €95 milliún | €245 milliún |

8 Eisiaitear turais a glacadh ag baint úsáide as Pasanna Saorthaistil arna n-eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí

9 Is ionann ioncam ó tháirgí Leap agus luach iomlán na dticéad a díoladh ar Chártaí Leap, lena n-áirítear luach na dticéad um spáráil chánach, ticéid bus ilthurais, srl.

# Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI)




Coimisiúnaíonn an tÚdarás suirbhéanna ar eatraimh rialta gach bliain chun cruinneas na faisnéise RTPI a thaispeántar ar stadanna bus agus ar aipeanna a aimsiú agus chun gníomhartha ceartaitheacha a thógáil, más gá.

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh le rátaí cruinnis arda a bhaint amach maidir le teacht isteach, rátaí a bhí idir 96% agus 98%. Ach, b'ionann na meánrátaí imeachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge agus 86% amháin, áfach. Dá réir sin, aithníodh bearta chun feabhas a chur ar fheidhmiúchán ionas go bhféadfaidh Bus Éireann iad a chur i bhfeidhm.

Rinne an tÚdarás dearadh boird imeachta feabhsaithe a rolladh amach ar thaispeántais RTPI ar scáileáin chomhréidh mhóra atá ar taispeáint ag áiteanna poiblí gnóthacha ar nós aerfoirt, stáisiúin traenach, ospidéil agus ollscoileanna.

Cuireadh tús le suiteáil de 55 taispeántas RTPI breise ag stadanna bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath roimh dheireadh na bliana.

Feabhsaíodh athléimneacht an chórais RTPI tríd é a bhogadh ón áitreabh i gComhairle Chathair Bhaile Átha Cliath go hionad bhunachar sonraí eile agus trí thimpeallacht um athshlánú ó thubaiste a thabhairt isteach chomh maith le timpeallacht tástála.

***Tábla 17 – Scáileáin faisnéise fíor-ama do phaisinéirí***

| Ceantar | Líon na scáileán |
|---|---:|
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 397 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 52 |
| Fine Gall | 47 |
| Baile Átha Cliath Theas | 45 |
| An Mhí | 14 |
| Cill Dara | 13 |
| Cill Mhantáin | 11 |
| Corcaigh | 48 |
| Gaillimh | 19 |
| Luimneach | 16 |
| Port Láirge | 7 |
| Eile (m.sh. aerfoirt, coláistí, ospidéil) | 11 |
| **Iomlán** | **680** |

# Córas Bainistíochta Bonneagar Iompar Poiblí

Rinneadh saothar ullmhaitheach maidir le cur i bhfeidhm bunachair shonraí um bainistiú sócmhainní iompair phoiblí d'fhonn faisnéis a aithint agus a thaifeadadh faoi shócmhainní seasta ar nós stadanna bus agus stáisiún iarnróid.

# Turais a Phleanáil

Le linn na bliana, rinne an Pleanálaí Turais Náisiúnta beagnach 16 milliún plean turais a ríomh, agus déileáladh le níos mó ná 65 iarratas ginearálta ar fhaisnéis.

Cuireadh i gcrích obair ar an bPleanálaí Turais Náisiúnta chun faisnéis bhealaí a ionchorprú don Chlár Iompair Tuaithe.

# Aipeanna

I mí Eanáir, bronnadh an duais fhoriomlán ar an Údarás ag na Dámhachtainí um Ríomhsheirbhísí an Rialtais 2016 as an aip shoghluaiste Real Time Ireland, lena ligtear do thaistealaithe bus, tram agus iarnróid a úsáid ar bhealach nua-aimseartha ar fud na tíre. Bhuaigh an Aip sa chatagóir um Dhámhachtainí Soghluaiste.

Seoladh an Aip Leap Top-Up ag deireadh mhí Eanáir i ndiaidh an cur i gcrích rathúil den chéim thástála. D'éirigh go hiontach leis an Aip ón tús, agus ag deireadh na bliana, b'ionann luach bhreisiú creidmheasa a phróiseáladh tríd an Aip agus os cionn €10 milliún. Cuireadh feabhas ar fheidhmiúlacht na haipe an t-am ar fad le linn na bliana. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn maith ar an bhforbairt de leagan nua den Aip, ionas go bhféadtar roinnt ticéad a cheannach agus a lódáil faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh uasghrádú ar an Aip um Pleanálaí Turais Náisiúnta i mí Mheán Fómhair chun gnéithe nua tábhachtacha a thabhairt d'úsáideoirí, lena n-áirítear an chéad turas abhaile eile, léarscáileanna líonraí, léaráidí agus cuardach Éirchód. Rinneadh uasghrádú freisin ar an Aip um Pleanálaí Rothaíochta d'fhonn ligean d'úsáideoirí seoltaí a chuardach tríd an Éirchód a úsáid.

Leis an Aip um Sheiceálaí Tiománaithe, ligtear do chustaiméirí tacsaí an stádas ceadúnais d'aon fheithicil tacsaí nó dá tiománaí a sheiceáil i bhfíor-am. Déantar tuairim is 200,000 seiceáil gach mí tríd an Aip seo.

***Tábla 18 - Íoslódálacha Aipe***

| Cur síos ar an Aip | Leap Top-Up | Pleanálaí Turais Náisiúnta | Real Time Ireland | Seiceáil Tiománaithe[10] | Pleanálaí Rothaíochta |
|---|---|---|---|---|---|
| 2015 Iomlán | - | 80,747 | 36,863 | 17,058 | 2,945 |
| 2016 Iomlán | 132,082 | 95,329 | 39,975 | 25,615 | 3,355 |

10 Níl sonraí Apple ar fáil ach amháin tar éis lár na bliana 2015

# Margaíocht agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí Eile

Ba iad seo a leanas na príomhfheachtais agus gníomhaíochtaí a bhí ar siúl:

- Feachtais náisiúnta agus réigiúnacha sna meáin chun feachtas a chruthú i measc úsáideoirí iompair phoiblí maidir leis an mbranda Seiceáil Tiománaithe agus maidir le seirbhísí aonair ar nós an Phleanálaí Turais Náisiúnta agus an Cárta Leap.
- Comhpháirtíocht le heagraithe d'imeachtaí poiblí ollmhóra, d'fhonn a chinntiú go spreagtar na daoine a bhí ag freastal ar na himeachtaí seo an t-iompar poiblí a úsáid agus chun rochtain a thabhairt dóibh maidir le faisnéis ábhartha. I measc na n-imeachtaí bhí an Fhéile Lá Pádraig, na hócáidí comórtha 1916, Taispeántas Aeir Bré, chomh maith le ceolchoirmeacha ollmhóra i bPáirc an Chrócaigh, Páirc Mharlaí agus Electric Picnic.
- Bhí feachtas Leap " Taistealaíonn Leanaí Saor in Aisce" ar siúl don tríú samhradh i ndiaidh a chéile. Spreagadh teaghlaigh le linn an fheachtais níos mó úsáide a bhaint as iompar poiblí le linn amanna saoire. Forbraíodh eispéireas na ndaoine óga maidir le hiompar poiblí a úsáid. Cuireadh ar fáil beagnach 5,000 Cártaí Leap do Leanaí saor in aisce i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus i bPort Láirge. Thóg leanaí 435,000 turas a bhí saor in aisce le linn na tréimhse cur chun cinn a mhair ar feadh coicíse.
- Mar chuid de rannpháirtíocht an Údaráis in ócáidí comórtha 1916 de chuid an Stáit, cruthaíodh sainchárta comórtha Teaghlaigh Leap chun úsáid d'iompar poiblí a chur chun cinn i measc na dteaghlach chun taistil laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Díoladh níos mó ná 35,000 cárta.
- Reáchtáladh feachtas eile maidir le frithchiníochas i gcomhar le Comhairle um Inimircigh na hÉireann agus le hoibreoirí iompair poiblí. Ba é téama an fheachtais ná Táimid déanta as an rud céanna - abair níl le ciníochas. Bhí an feachtas ar siúl le linn mhí Lúnasa agus thug na hoibreoirí iompair dea-thacaíocht dó.
- Seachadadh feachtais mhargaíochta ar an raidió agus sa phreas áitiúil chun tacú le bealaí bus tuaithe nua i sé Réigiún ina bhfuil an Nasc Áitiúil, lena gcumhdaítear 24 contae. Cuireadh 24 fógra sna nuachtáin agus 350 fógra ar an raidió chun feasacht ar na seirbhísí nua a ghiniúint.

# Cearta Paisinéirí

Is é an tÚdarás an comhlacht forghníomhaithe ainmnithe in Éirinn do Rialacháin an AE maidir le cearta na bpaisinéirí nuair a thaistilíonn siad thar iarnróid, ar muir agus ar bhus/chóiste. Áirítear leis na cearta seo, neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumais agus do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, soláthar faisnéise do gach paisinéir roimh a dturas agus lena linn, cúnamh le gach paisinéir i gcás moilleanna agus, i roinnt cúinsí, cúiteamh as moilleanna agus cealú turas.

Phróiseáil an tÚdarás roinnt fiosruithe ó phaisinéirí maidir lena gcearta. Cláraíodh gearán amháin go foirmiúil dá n-imscrúdú, agus fuarthas i bhfabhar an ghearánaí.

# Oibríocht Cathrach Oscailte

Is éard atá in Oibríocht Cathrach Oscailte ná oibríocht bhliantúil de chuid an Údaráis, arna deartha ionas go mbíonn sé níos éasca do dhaoine taisteal trí Bhaile Átha Cliath ag baint úsáide as an iompar poiblí sa tréimhse ghnóthach le linn na Nollag.

Cuireadh i bhfeidhm pleananna mionsonraithe i ndiaidh idirchaidrimh idir an Garda Síochána agus an tÚdarás agus comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla, soláthraithe iompair agus an pobal gnó. Reáchtáladh an oibríocht idir an 3 agus 24 Nollaig.

Cuireadh ar fáil sonraí maidir le socruithe iompair agus taistil, lena n-áirítear seirbhísí go deireanach san oíche, ar an suíomh gréasáin de Transport for Ireland agus ar an meán sóisialta.

# Láithreáin Ghréasáin

De réir mar a thaispeánann Tábla 19, is iad na láithreáin ghréasáin den Chárta Leap agus Transport for Ireland na láithreáin de chuid an Údaráis a dtugann formhór na gcuairteoirí cuairt uirthi. Cuireadh stop leis an láithreán gréasáin tiomnaithe don Chárta Leap do Leanaí i mí Fheabhra, tar éis aistriú na feidhmiúlachta go dtí an príomhláithreán gréasáin den Chárta Leap.

***Tábla 19 – Láithreáin ghréasáin do thomhaltóirí***

| Láithreán Gréasáin | Cuspóir | Cuairteanna 2015 | Cuairteanna 2016 | Athrú ar an gCéatadán |
|---|---|---|---|---|
| leapcard.ie | Láithreán gréasáin tiomanta do thomhaltóirí den ticéad comhtháite Chárta Leap | 1,673,746 | 1,494,439 | -10.7 |
| transportforireland.ie | Cabhraíonn sé le tomhaltóirí chun turais a phleanáil agus a dhéanamh ar an iompar poiblí (lena n-áirítear tacsaí, hacnaí, rothar) trí roan d' fhaisnéis agus teicneolaíochtaí a chur ar fáil | 966,466 | 1,224,787 | +26.7 |
| nationaltransport.ie | Láithreán gréasáin chorparáideach don Údarás | 349,232 | 313,942 | -10.1 |
| luascrosscity.ie | Cuirtear faisnéis agus nuashonruithe rialta ar fáil maidir le tógáil an Luas Traschathrach | 121,686 | 189,609 | +55.8 |
| smartertravel workplaces.ie | Cuirtear faisnéis ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe faoi thionscnaimh um iompar inbhuanaithe agus taistil | 67,339 | 36,938 | -45.1 |
| carsharing.ie | Cabhraíonn sé le tiománaithe carranna a chomhroinnt | 20,171 | 21,639 | +7.3 |
| locallink.ie | Láithreán gréasáin sainthiomanta do sheirbhísí iompair thuaithe | 7,502 | 8,363 | +11.5 |

# 03



# Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí

Céim ollmhór le faomhadh an chéad straitéis iompair reachtúil do Mhór cheantar Bhaile Átha Cliath

# Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035

I mí Feabhra, d'fhaomh an tAIre Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Dréacht-Straitéis Iompair fadtéarmach den Údarás do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh an Straitéis go foirmiúil i mí Aibreáin.

Is é an chéad fhorbairt de phlean iompair reachtúil don réigiún foriomlán, leagtar amach sa Straitéis Iompair an chreatlach d'fhorbairt iompair thar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath don chéad fiche bliain atá le teacht.

Leagtar amach na príomhthograí infreastruchtúir sna réimsí den bhóthar, iarnród trom, iarnród éadrom, bus, rothaíocht agus siúlóid, chomh maith leis na bearta tacaíochta bunúsacha atá riachtanach ionas go mbíonn an t-iompar ag feidhmiú go héifeachtach.

Lena n-aithnítear an nádúr forbartha íseal-déine den réigiún, bunaítear "Bun-Líonra Bus", lena gcuimsítear bealaí radúla, fithiseach agus réigiúnacha lena gcruthófar cnámh droma den chóras bus agus beidh gá dó a sholáthar le leibhéal níos airde de thosaíocht bus d'fhonn a chinntiú go bhféadfaidh an t-iompar bus freastal ar riachtanais an réigiúin sa todhchaí.

Maidir leis an iarnród, foráiltear do sheachadadh de Mheitreo Thuaidh Nua sa Straitéis Iompair chomh maith le Clár Sínte DART, agus cuireann an dá thionscadal seo bonn faoin Straitéis. Sa Straitéis Iompair moltar an síneadh starrach iomlán den Phlean Líonra Rothaíochta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de 2,840 ciliméadar, arna fhoilsiú sa bhliain 2014.

Sa bhreis ar an bhforáil don bhonneagar, díríonn an Straitéis Iompair ar an ngá le tuilleadh seirbhísí iompair chomh maith, mar aon le faisnéis phaisinéara níos fearr agus rochtain níos fearr ar an iompar poiblí do dhaoine faoi mhíchumas. Maidir le forbairt talún, athdhearbhaítear sa Straitéis Iompair an gá le comhtháthú níos fearr idir pleanáil úsáid talún agus soláthar iompair, agus leagtar amach na príomhphrionsabail atá le cur i bhfeidhm sa réimse seo.

# Pleanáil ag Leibhéil Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta

Ar leibhéal náisiúnta, tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag an Údarás maidir le hullmhúchán den Chreat Pleanála Náisiúnta. Áiríodh leis seo, idirchaidreamh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, chomh maith le rannpháirtíocht in imeachtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Ghlac an tÚdarás páirt freisin in ullmhúchán de na Straitéisí Réigiúnacha Sóisialta agus Eacnamaíocha. Ghlac an tÚdarás páirt mar bhall sna Meithleacha Teicniúla um Cheantair Pleanála Straitéiseacha le haghaidh na trí Réigiún sa Deisceart. Ba í an phríomhchúis a bhí ann don rannpháirtíocht seo ná an ceanglas faoi réir na forálacha de na Straitéisí Réigiúnacha Sóisialta agus Eacnamaíocha maidir le hullmhúchán de straitéisí iompair réigiúnacha. Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis na tionóil réigiúnacha maidir le forbairt de réamhaisnéisí fostaíochta agus daonra.

Ar aon dul le sainchúram reachtúil an Údaráis, bhí béim láidir go háirithe ar na

láir is mó sa Stát, is é sin Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Bhí ardleibhéal rannpháirtíochta le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile sna láir sin d'fhonn ullmhúchán agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna forbartha contae agus cathrach, pleananna ceantair áitiúil agus scéimeanna pleanála do Chriosanna Forbartha Straitéiseacha.

## Pleanáil Iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile maidir le raon de shaincheisteanna beartais, tionscnaimh agus infheistíochtaí iompair atá beartaithe. San obair sin, bhí béim áirithe ar an méid seo a leanas:

- Rannpháirtíocht in ullmhúchán de phleananna forbartha straitéiseacha, scéimeanna pleanála do Chriosanna Forbartha Straitéiseacha, pleananna ceantair áitiúil, pleananna iompair áitiúil agus staidéir neamhreachtúla, lena n-áirítear máistirphleananna.
- Leanúint le hanailís iompair ar Lár chathair Bhaile Átha Cliath agus láir uirbeacha eile.
- Aighneachtaí chuig roinnt údarás áitiúil maidir lena nDréacht-Phleananna Pobail agus Eacnamaíocha Áitiúla faoin struchtúr nua den Chreat Pleanála Náisiúnta.
- Páirt a ghlacadh le húdaráis áitiúla maidir le bainistíocht éilimh iompair éagsúla, pleanáil seirbhíse an iompair phoiblí agus tionscnaimh um bainistíocht tráchta. I gceist anseo, bhí cur i gcrích den staidéar iompair i gcomhar le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, lenar leagadh amach na tosaíochtaí infreastruchtúir iompair do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, go háirithe d'oibríocht an Luas Traschathrach a éascú.
- Idirchaidreamh leanúnach le Grúpa Comhairleach de Ghníomhaireacht Forbartha an Gráinseach Ghormáin.

Mar gheall ar fhás eacnamaíoch leanúnach, tháinig méadú ar líon na n-iarratas pleanála a bhain le forbairt tráchtála, a bhí dírithe go láidir ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar cheantair na nDugaí. Ach, bhí méadú áfach ar líon na n-iarratas pleanála le haghaidh forbairtí cónaithe ar scála níos mó. In éineacht leis seo, bhí méadú suntasach ar líon na n-iarratas pleanála le haghaidh forbairtí cónaithe, le tromlach áirithe ar dhlús íseal nó ar mheándhlús ar láithreán úrnua i suíomhanna sna bruachbhailte laistigh de cheantar uirbeach Bhaile Átha Cliath agus i roinnt bailte cúltíre.

Má tá an treocht seo le leanúint, bheadh tionchar suntasach ar phatrúin iompair sna blianta atá le teacht, chomh maith le dúshláin a bheith romhainn maidir le hiompar tacaíochta a phleanáil agus a sheachadadh mar aon le riachtanais infreastruchtúir eile go háirithe i gcás na gceantar forbartha ar mhórscála a bhfuil baint acu leis na Criosanna Forbartha Straitéiseacha, ina bhfuiltear ag súil le méadú mór ar fhorbairt sna blianta amach romhainn. I measc na gceantar sin tá Baile Adaim, Cluain Ghrífín, Coill na Silíní agus Cluain Buiríosa, chomh maith le háiteanna eile sa cheantar Chluain Ghrífín / An Colbha Thuaidh.

*Tábla 20 - Príomh-aighneachtaí pleanála an Údaráis laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath*

| Pleananna Forbartha | |
|---|---|
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath - Leasuithe Ábhartha |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Chill Dara |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Chill Dara - Leasuithe Ábhartha |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas - Leasuithe Ábhartha |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Chill Mhantáin |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Chill Mhantáin - Leasuithe Ábhartha |
| >> | Plean Forbartha Chontae na Mí - Éagsúlacht Dréachta Uimh. 3 |
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Fhine Gall |
| **Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, Scéimeanna Pleanála** | |
| >> | Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Chlaonadh |
| >> | Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin |
| >> | Plean Forbartha Bhaile Átha Í Éagsúlacht Uimh. 1 |
| >> | Plean Ceantair Áitiúil Baile agus Purláin an Inbhir Mhóir - Aighneacht Réamhdhréachta |
| >> | Plean Ceantair Áitiúil Bhardas Bré - Aighneacht Réamhdhréachta |
| >> | Dréacht-Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéiseach an Phoill Bhig Thiar |
| >> | Comhairliúcháin Réamhdhréachta do Chrios Forbartha Straitéiseach Chluain Buiríosa |
| >> | Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Dhomhnach Bat |
| >> | Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na Sollán - Leasuithe Ábhartha - Comhairle Contae Chill Dara |
| **Iarratais Phleanála Shuntasacha - Aighneachtaí a Rinneadh** | |
| >> | Athfhorbairt de Theach Apollo agus Hawkins - Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| >> | Forbairt Oifige ar Mhórscála, Aerfort Bhaile Átha Cliath - Comhairle Contae Fhine Gall |
| >> | Forbairt Oifige ar Mhórscála, Cluain Seach - Comhairle Contae Fhine Gall |
| >> | Forbairt ilchineálach ag Stáisiún Iarnróid Chluain Ghrífín - Comhairle Contae Fhine Gall |
| >> | Síneadh Beartaithe d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life - Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas |
| >> | Forbairt Chónaithe ag Eastát Tionsclaíochta na Carraige Léithe, Bóthar an Náis - Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath |
| >> | Bóithre Forbartha ag Coill na Silíní - Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin |
| >> | Forbairt Chónaithe ag Carraig Mhaighin - Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin |
| >> | Forbairt Chónaithe ag Sruth na gCloch, Eastát Tionsclaíochta Áth an Ghainnimh - Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin |
| >> | Forbairt Chónaithe ag Easton, Léim an Bhradáin - Comhairle Contae Chill Dara |
| >> | Forbairt Chónaithe agus Ionad Comharsana, An Nás - Comhairle Contae Chill Dara |
| >> | Gléasra Déantúsaíochta Bithchógaisíochta, Baile Phiarais - Comhairle Contae na Mí |
| >> | Forbairt ilchineálach ag an bhFásach Rua - Comhairle Contae Chill Mhantáin |

# Pleanáil Iompair lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Lean an tÚdarás ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe sna cathracha réigiúnacha de Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, maidir le hullmhúchán de phleananna forbartha, pleananna ceantair áitiúil agus staidéir um iompar / úsáid talún. Tá sé i gceist go gcuirfear bunús níos láidre ar fáil thar am do ról an Údaráis sna cathracha sin mar gheall ar an idirchaidreamh táirgiúlach leanúnach, i dtéarmaí infheistíocht san iompar, eagrú de na seirbhísí iompair phoiblí, agus i dtéarmaí níos ginearálta d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chomhtháthú úsáid talún agus pleanáil iompair.

## Corcaigh

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht sa Ghrúpa um Plean Straitéiseach do Cheantar Chorcaí, ar leibhéil an Choiste Stiúrtha agus Fo-Choiste Iompair araon. Ghlac an tÚdarás páirt i bpróiseas comhairliúcháin do pháirtithe leasmhara a bhain le Fís Chorcaí do 2050, a bheidh mar bhonn de na haighneachtaí ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí maidir le pleanáil den Chreat Pleanála Náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an tÚdarás le Comhairle Contae Chorcaí maidir leis an bpróiseas measúnuithe iompair, a bhaineann le naoi suíomh forbartha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo laistigh de Cheantar Uirbeach Chorcaí.

Chuir an tÚdarás aighneacht faoi bhráid Comhairle Contae Chorcaí maidir lena Dréacht-Phlean Pobail agus Eacnamaíoch Áitiúil.

Ghlac an tÚdarás páirt freisin le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile, ar nós an ÚFT agus fostóirí áitiúla maidir le tionscnaimh éagsúla um bainistíocht éilimh iompair, pleanáil seirbhíse an iompair phoiblí agus bainistíocht tráchta.

## Gaillimh

Ba chúram ollmhór é an t-ullmhúchán de Straitéis Iompair na Gaillimhe, lena gcumhdaítear ceantar uirbeach na Gaillimhe. D'ullmhaigh an tÚdarás i gcomhar le Comhairle Chathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe ar bhonn comhoibríoch an Straitéis, ina leagtar amach creatlach le haghaidh seachadadh iompair ar fud réigiún na cathrach suas go dtí 2035. Cumhdaítear na modhanna iompair go léir, agus tugtar treoirphlean a bheidh mar thaca faoi fhorbairt na cathrach. Cé gur ullmhaíodh é ar bhonn neamhreachtúil, ionchorpraíodh ina dhiaidh sin an Straitéis Iompair isteach i bplean forbartha Chathair na Gaillimhe.

***Tábla 21 - Príomh-aighneachtaí pleanála an Údaráis lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath***

| | Pleananna Forbartha |
|---|---|
| >> | Dréacht-Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe |
| | **Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, Scéimeanna Pleanála** |
| >> | Pleananna Ceantair Áitiúil le haghaidh 8 gCeantar Bardais, Comhairliúchán Réamhdréachta - Comhairle Contae Chorcaí |
| >> | Pleananna Ceantair Áitiúil don Tulach, Muinebheag, An Dair Ríoga - Aighneacht Réamhdréachta |

# Múnlaí Iompair Réigiúnacha




Cuireadh i gcrích córas múnla ilmhodach réigiúnach an Údaráis i ndiaidh tréimhse de dhianfhorbairt. Tá an córas cuimsithe de mhúnla éilimh náisiúnta, cúig mhúnla iompair réigiúnach ollmhór nua, lena gcumhdaítear an Stát agus sraith d'uirlisí breithmheasa. Tá na múnlaí réigiúnacha dírithe ar phríomhchathracha an Stáit, is iad sin Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Rinneadh tástáil íogaireachta fhairsing de na múnlaí iompair réigiúnacha d'fhonn a chinntiú go raibh feidhmiúchán na múnlaí mar i gcéanna leis na freagraí iompraíochta a rabhthas ag súil leo.

Forbraíodh prótacal d'fhonn a chinntiú go bhfuil úsáid de na múnlaí iompair réigiúnacha á rialú, á mbainistiú agus á gcáipéisiú go cúramach, agus mar sin de a n-ionracas agus neart a chothabháil agus d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar le dea-chleachtas, nósanna imeachta agus bhreithmheas um múnlú iompair.

I mí Mheán Fómhair, rinneadh an próiseas deimhniúchán um úsáid mhúnla a thástáil ar roinnt tionscadal sular rolladh amach é go foirmiúil.

Rinneadh an oiliúint agus na seimineáir a fhorbairt ag an am céanna leis na gníomhaíochtaí seo ionas go mbeadh an oiliúint ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don mhúnla a úsáid. San áireamh anseo bhí ullmhúchán de threoir shainiúil maidir le húsáid na múnlaí.

Reáchtáladh an ócáid seolta náisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Roimhe sin, bhí ócáidí seolta réigiúnacha i gCorcaigh, Gaillimh agus i bPort Láirge idir mí Aibreáin agus mí Mheithimh.

I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh an tionscadal ar an ngearrliosta le haghaidh dámhachtain um Innealtóirí na hÉireann as nuálaíocht theicniúil.

## Bailiúchán agus bainistíocht sonraí

Le forbairt na gcóras um múnlú iompair bíonn gá le líon mór de shonraí. Dá réir sin, thug an tÚdarás faoi thascanna éagsúla um bailiúchán agus bainistíocht shonraí chun tacú le forbairt na gcóras múnlaithe réigiúnach agus mar ullmhúchán le haghaidh athchalabrúcháin an mhúnla lena n-úsáidtear sonraí Daonáirimh CSO ón mbliain 2016. Ina measc, bhí ullmhúchán le haghaidh:-

- bunachar sonraí do chomhaireamh tráchta ar fud na tíre; agus
- Suirbhé Taistil Teaghlaigh Náisiúnta.

I mí Mheán Fómhair, bailíodh sonraí ó shuirbhé tráchta ó údaráis áitiúla agus ó ghníomhaireachtaí eile. Úsáideadh na sonraí seo chun bearnaí a aithint sa tacar sonraí atá ar fáil agus moladh tairiscint d'fhonn na sonraí a bhí ar iarraidh a bhailiú. Bronnadh

an tairiscint do chlár suirbhéanna i mí na Samhna.

Cuireadh i gcrích suirbhéanna paisinéara sna haerfoirt i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus sa tSionainn i mí Dheireadh Fómhair agus rinneadh geochód de na torthaí. Cuireadh i gcrích suirbhéanna cosúla sna haerfoirt réigiúnacha sa Chnoc, Dún na nGall agus i gCiarraí i mí na Samhna agus rinneadh geochód freisin de na torthaí.

I mí na Samhna, rinneadh ullmhúchán do shuirbhé píolótach de láithreáin pháirceála agus taistil d'fhonn an modh is éifeachtaí a bhunú le haghaidh sonraí a ghabháil ag na láithreáin sin.

## Staidéar Iompar do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath



Chuir an tÚdarás, i gcomhar le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, athbhreithniú i gcrích ar an Staidéar Iompar do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, lenar glacadh le saincheisteanna éagsúla a luadh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a rinneadh anuraidh.


Cuireadh an staidéar críochnaithe faoi bhráid Choiste an Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath um Beartas Iompair Straitéisigh. Moladh roinnt leasuithe ar na tograí bunaidh d'fhonn an t-aiseolas a fuarthas le linn an phróiseas comhairliúcháin a léiriú, próiseas inar gineadh os cionn 7,000 aighneacht. I measc na leasuithe is suntasaí bhí athlonnú an naisc iompair phoiblí (rothaíocht san áireamh) ar na céanna thuaidh ó Shiúlán Bhaitsiléir go dtí an Cé Éidin, baint den nasc iompair ar na céanna theas agus socruithe athbhreithnithe ar Fhaiche an Choláiste.

Ina dhiaidh sin, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt de ghnéithe na dtograí a bhí sa staidéar iompair, lena n-áirítear próiseas tairisceana ón Údarás chun foireann deartha a cheapadh chun comharthaí nua tráchta agus páirceála a fhorbairt do lár na cathrach agus do na bealaí isteach.

## Staidéir, Treoirlínte agus Treoir Fhoilsithe

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an tÚdarás treoir ar shuíomhanna de stadanna bus i gceantair tuaithe chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le hoibreoirí d'iompar poiblí breithniú a dhéanamh ar an t-suíomh cuí agus inghlactha de stadanna bus ar bhóithre tuaithe. Cuireadh an treoir le chéile le hionchur ó údaráis áitiúla agus soláthraithe iompair roghnaithe.

# 04



# Tacú le daoine roghanna taistil inbhu-anaithe a dhéanamh

Béim ar na Cláir Thaistil Níos Cliste a mheasúnú

# Cláir Thaistil Níos Cliste




Le linn na bliana, ghlac balleagraíochtaí (Comhpháirtithe) den Chlár um Ionaid Oibre níos Cliste agus den Chlár um Champais níos Cliste páirt i gcleachtadh monatóireachta chun measúnú a dhéanamh ar na hathruithe i dtáscairí éagsúla, lena n-áirítear:

- Athrú modha;
- Dearcadh maidir le taisteal inbhuanaithe; agus
- Baic ar athrú i ngach ionad oibre / campas rannpháirtithe.

D'fhreagair tuairim is 70 eagraíocht, lena gcuimsítear 11,232 mac léinn agus ball foirne an suirbhé.

Cuireadh tús le hanailís mhionsonraithe a ullmhú maidir le tionchar na gclár i dtéarmaí athrú modha. Ón anailís thosaigh de cheisteanna a bhain le hiompraíocht, dearcadh agus feasacht, léiríodh:-

- Gurb é an phríomhchúis a bhí le modh a athrú sa dá bhliain roimhe sin ná bogadh tí (32%). Ina dhiaidh sin, bhí cúiseanna airgeadais (16.1%), cúiseanna oibre (15.9%) agus cúiseanna sláinte / corpacmhainne (15.4%).
- Déanann os cionn 40% de na freagróirí iarracht iompar inbhuanaithe a úsáid, nuair is féidir;
- Taitníonn siúl go dtí an obair / campas le beagnach 40% d'fhreagróirí.
- Ba mhaith le go leor freagróirí iompar inbhuanaithe, gníomhach a úsáid níos minice, lena n-áirítear siúlóid (41%), rothaíocht (39%) agus iompar poiblí nó roinnt cairr (31%).

Is gné thábhachtach de na Cláir Ionaid oibre agus Campais iad na himeachtaí, dámhachtainí agus cur chun cinn spriocdhírithe lena n-éascaítear athrú iompraíochta agus tá dea-tacaíocht ann dóibh. Tá cur síos orthu seo sna hailt seo a leanas.

## Dúshlán Rothaíochta na hEorpa

Ghlac níos mó ná 1,000 duine páirt sa bhabhta i mBaile Átha Cliath atá mar chuid den tionscnamh Eorpach seo, a fuair Dámhachtain CIVITAS[11] as Rannpháirtíocht Phoiblí.

## Dámhachtainí Ilmheán na Mac Léinn

I mí Aibreáin, fógraíodh buaiteoirí de Dhámhachtainí Ilmheán na Mac Léinn. Reáchtáladh searmanas féachana san Amharclann Belltable i gcomhar le Taisteal Níos Cliste Luimnigh.

11 Is éard ata i CIVITAS ná líonra de chathracha le haghaidh cathracha atá tiomanta d'iompar glan níos fearr san Eoraip agus thairis sin.

### Dúshláin Cur Chun Cinn

D'éirigh go hiontach leis an dúshlán siúlóide "Marchathon" do mhic léinn agus do bhaill foirne, a reáchtáladh i mí an Mhárta, agus dhúbail líon na rannpháirtithe ó 2015.

I mí Mheán Fómhair reáchtáladh an Dúshlán Step le haghaidh Ionaid Oibre Níos Cliste. Ghlac os cionn 3,600 rannpháirtí ó 52 eagraíocht ann. Ba iad na hionaid oibreoirí buaiteoirí ná Clifton Scannell Emerson Associates (catagóir na n-ionad oibre beag) agus Comhairle Contae Ros Comáin (catagóir na n-ionad oibre mór).

### Seimineár Bliantúil

Reáchtáladh an Seimineár Bliantúil um Thaisteal Níos Cliste i mí Bhealtaine agus tugadh aghaidh ar an tsaincheist de bhearta praiticiúla chun folláine a mhéadú trí thaisteal gníomhach. Labhair na aoichainteoirí faoina dtaithí maidir le páirt a thabhairt do bhaill foirne agus mic léinn, ceannach isteach a fháil ón mbainistíocht agus bearta a chur i bhfeidhm chun siúlóid agus rothaíocht a chur chun cinn.

## Cláir Taistil do Scoileanna Glasa

Le linn na bliana acadúla 2015 / 2016, ghlac 505 scoil páirt sa téama taistil do Scoileanna Glasa.

I mí Bealtaine, bronnadh Bratach Ghlas ar 209 scoil as a cuid oibre maidir leis an dtéama taistil, lenar ceiliúradh toradh dhá bhliana oibre maidir le taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn sa scoil.

Thug Oifigigh Taistil um Scoileanna Glasa 2,900 cuairt ar scoileanna. Bhí tacaíocht ann do na cuairteanna seo trí chumarsáid leanúnach, imeachtaí oiliúna, fóraim taistil, comórtais agus imeachtaí náisiúnta.

Reáchtáil na Scoileanna Glasa roinnt imeachtaí náisiúnta freisin chun leanaí scoile a spreagadh a bheith gníomhach ar a dturas chun na scoile. San áireamh anseo bhí:-

- An dara "Dhúshlán Taistil BIG" bliantúil. Le linn na himeachta seo, bhí dúshlán os comhair na scoileanna méadú intomhaiste a bhaint amach maidir le modhanna inbhuanaithe taistil a úsáid ar feadh tréimhse de 10 lá le linn mhí na Feabhra.
- An chéad Taispeántas riamh de Scoileanna Glasa. Reáchtáladh an taispeántas i mí na Feabhra sa RDS, agus bhí saothar ar taispeántas maidir leis an téama taistil um Scoileanna Glasa chomh maith leis na buntáistí comhshaoil a bhaineann le taisteal inbhuanaithe;
- An tSeachtain d'Imeacht ar Scútar chun na Scoile i mí an Mhárta;
- An tSeachtain do Shiúl chun na Scoile i mí na Bealtaine;
- An tSeachtain Rothaíochta i mí Mheithimh.

Ina theannta sin bhí na Scoileanna Glasa freagrach as

- maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a riaradh chun cabhrú le soláthar d'oiliúint rothaíochta do bheagnach 4,000 dalta;

- 380 spás páirceála rothair agus 400 spás páirceála scútair i scoileanna a mhaoiniú; agus
- os cionn 400 iniúchadh a dhéanamh maidir le 'cumas siúlóide" go dtí na scoileanna agus chuir siad na torthaí faoi bhráid na n-údarás áitiúil. Mar thoradh air sin, chuir na húdaráis áitiúla trasrianta coisithe nua, cosáin nua agus trasrianta síogacha nua ar fáil.

## Measúnú

Choimisiúnaigh an tÚdarás Millward Brown suirbhé neamhspleách a dhéanamh maidir le taisteal na dtuismitheoirí mar chuid den phróiseas níos leithne maidir le Clár Taistil na Scoileanna Glasa a mheas.

Cuireadh tús leis an measúnú le suirbhé píolótach i mí Bealtaine i gceithre scoil sa Ghaillimh. Le torthaí an staidéir phíolótaigh seo, tugadh eolas do shuirbhé tuismitheora i 50 scoil ionadaíoch ar fud na tíre, agus forlíonadh é seo le suirbhéanna taistil "lámha suas" de na leanaí atá ag freastal ar na 50 scoil sin.



# 05




# Bonneagar a uasghrádú

D'infheistigh an tÚdarás €219 milliún i dtionscadail chun feabhas a chur ar shiúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí chomh maith le rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas

# Infheistíocht Chaipitil

Tá freagracht ar an Údarás as trí chlár infheistíochtaí um iompar poiblí:-

- Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Clár um Iompar Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha; agus
- Clár Inrochtaineachta Iompar Poiblí.

Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar an Údarás as an gClár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, bainistíonn an tÚdarás na Cláir um Iompar Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha agus um Inrochtaineachta Iompar Poiblí ar son an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I gcás na trí chlár uile, tá an tÚdarás freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir leis na tionscadail atá le maoiniú agus as caiteachas a bhainistiú. Ach, áfach is iad na gníomhaireachtaí Stáit, oibreoirí iompair agus údaráis áitiúla arb iondúil dóibh na hoibreacha riachtanacha a fhorfheidhmiú.

***Tábla 22 - Leithdháileadh na n-íocaíochtaí caipitil (€milliúin)***

| Gníomhaireacht Chur i bhFeidhm | Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath | Clár Caipitil na gCathracha Réigiúnacha | Clár Caipitil um Inrochtaineacht Iompair Phoiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Bus Éireann | 15.0 | 2.6 | 0.0 | 17.6 |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | 0.0 | 4.2 | 0.0 | 4.2 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 0.0 | 1.0 | 0.0 | 1.0 |
| Bus Átha Cliath | 15.0 | 0.0 | 0.1 | 15.1 |
| Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath | 10.3 | 0.0 | 0.0 | 10.3 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 0.1 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 1.7 | 0.0 | 0.0 | 1.7 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 0.1 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |
| Comhairle Chathrach na Gaillimhe | 0.0 | 1.1 | 0.0 | 1.1 |
| Iarnród Éireann | 25.6 | 2.8 | 0.7 | 29.1 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 1.0 | 0.0 | 0.0 | 1.0 |
| Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh | 0.0 | 0.4 | 0.0 | 0.4 |
| Comhairle Contae na Mí | 0.8 | 0.0 | 0.0 | 0.8 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 15.5 | 0.2 | 2.0 | 17.7 |

| Gníomhaireacht Chur i bhFeidhm | Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath | Clár Caipitil na gCathracha Réigiúnacha | Clár Caipitil um Inrochtaineacht Iompair Phoiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 5.8 | 0.0 | 0.0 | 5.8 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 110.8 | 0.0 | 0.0 | 110.8 |
| Comhairle Contae & Cathrach Phort Láirge | 0.0 | 0.6 | 0.0 | 0.6 |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 1.9 | 0.0 | 0.0 | 1.9 |
| **Iomlán** | **203.6** | **12.9** | **2.8** | **219.3** |

# Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath



Le Plean Cur i bhFeidhm Comhtháite reachtúil an Údaráis do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2013-2018, leagtar amach an clár infheistíochta bonneagair atá le leanúint ar feadh saolré an Phlean faoi na ceithre fhochlár seo a leanas:

- Iarnród Trom;
- Iarnród Éadrom;
- Bus; agus
- Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite.

*Tábla 23 – Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath*

| Fochlár | Caiteachis (€ milliún) | Céatadán den chaiteachas iomlán |
|---|---|---|
| Iarnród Éadrom | 110.8 | 54.4 |
| Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite | 36.3 | 17.8 |
| Bus | 30.9 | 15.2 |
| Iarnród Trom | 25.6 | 12.6 |
| **Iomlán** | **203.6** | **100.0** |

## Iarnród Trom

Faoin bhfochlár seo, tugtar maoiniú d'Iarnród Éireann le haghaidh bonneagar iarnróid a chothabháil agus a fhorbairt i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

### Formhéadú an DART

Chuir an tÚdarás i gcomhar le hIarnród Éireann tús leis an gcéim réamhphleanála den Chlár Formhéadaithe DART. Rinneadh dul chun cinn ar na gnéithe seo a leanas.

- Cheap an tÚdarás sainchuideachta um dearadh innealtóireachta chun Staidéar Cumraíochta Tolláin a dhéanamh le haghaidh an Meitreo Thuaidh Nua agus an Dart Fothalún, a thabharfaidh comhairle ar an tollán is fearr agus na cumraíochtaí stáisiúin is fearr le haghaidh an dhá thionscadal, bunaithe ar mheasúnú comparáideach ar roghanna cumraíochta tolláin géineasacha.
- Thosaigh Iarnród Éireann le measúnú a dhéanamh ar chumais chonair traenach ar an ngréasán iarnróid throm laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath d'fhonn a aimsiú na háiteanna a fhéadtar an acmhainneacht a mhéadú má bhíonn an t-éileamh ann dó. Leis seo, tabharfar treoir don mhúnlú éilimh paisinéara agus don tosaíocht den Chlár Formhéadaithe DART.
- Chuir an tÚdarás tús le foireann dheartha a earcú chun anailís agus breithmheas roghanna a dhéanamh maidir leis an áit nasctha is fearr do thholláin an DART Fothalún chun ceangail leis na línte iarnróid atá ann cheana ag Stáisiún Heuston.

### Tionscadal Ath-Chomharthaíochta do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Is cuid lárnach d'uasghrádú na seirbhísí iarnróid comaitéara do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath é an Tionscadal Ath-Chomharthaíochta do Lár na Cathrach (CCRP). Deartar an CCRP chun teicneolaíocht chomharthaíochta le córais idirghlasála soladstaide (SSI) faoi riail ríomhaire a chur in ionad an córas comharthaíochta cruashreangaithe. Roinntear an tionscadal i 4 chéim idirghaolmhara.

Cuireadh i gcrích céim 3 den CCRP agus coimisiúnaíodh córas comharthaíochta uasghrádaithe. Le céim 3, méadaítear an cumas idir stáisiún na bPiarsach agus stáisiún Uí Chonghaíle ó 12 traein in aghaidh na huaire go 17 traein in aghaidh na huaire ar gach bealach.

Le cur i gcrích na céime seo, éascaítear an príomhchuspóir de mhéadú a chur ar sholáthar agus minicíocht na seirbhíse i lár na cathrach, trí chumas líne méadaithe a sholáthar leis an gcóras comharthaíochta SSI uasghrádaithe. Leis seo agus le soláthar de shaoráidí aisiompaithe ag Stáisiún Dhuga na Canálach Móire, éascaíodh do seirbhísí breise a chur ar fáil thar an chuid lárnach den líonra, lena n-áirítear seirbhísí paisinéara nua trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce.

### Tollán Pháirc an Fhionnuisce

I ndiaidh dúnadh na seirbhísí sceidealaithe blianta fada ó shin, tugadh isteach arís seirbhísí traenach rialta do phaisinéirí trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce le linn 2016, lena ligtear do thraenacha ón líne Chill Dara rochtain a bheith acu ar na stáisiúin de Dhroim Conrach, Uí Chonghaile, na Teamhrach, na bPiarsach agus ar stáisiún Dhuga na Canálach Móire Le hinfheistíocht de €13.7 milliún in uasghrádú de Thollán Pháirc an Fhionnuisce, tugadh isteach na seirbhísí nua. Rinneadh oibreacha ollmhóra sa Thollán agus thar timpeall, lena n-áirítear oibreacha rianta, tairneáil ithreach, oibreacha draenála, glanadh tolláin chomh maith le hoibreacha leictreacha agus meicniúla.

Cuireadh i gcrích na hoibreacha go léir agus cuireadh tús leis na seirbhísí tríd an Tollán an 21 Samhain.

### Lárionad Náisiúnta do Rialáil Traenacha

Leanadh le hobair dheartha agus phleanála le haghaidh Lárionad Náisiúnta do Rialáil Traenacha NTCC a fhorbairt, lena gcomhtháthaítear an rialáil comharthaíocht agus cumarsáide thar ghréasán iomlán an iarnróid, ag barrfheabhsú na bainistíochta

tráchta dá réir. Leis an NTCC nua, beidh sochar suntasach ann don chustaiméir leis an bhfeidhmíocht mhéadaithe ag traenacha agus in infhaighteacht faisnéise cruinne taistil fhíor-ama don phleanáil aistear.

Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin margaidh chun an tionscadal a thabhairt isteach agus chun eolas a thabhairt don straitéis forfheidhmithe ar conradh le haghaidh an tionscadail.

Rinneadh measúnú ar shuíomh an láithreáin, agus i ndiaidh anailís a dhéanamh ar roinnt láithreán féideartha, roghnaíodh Stáisiún Heuston mar an áit is fearr don NTCC.

## Luas

### Luas Traschathrach



Rinneadh dul chun cinn maith ar an bpríomhchlár oibre don infreastruchtúr, ina raibh roinnt gnéithe dúshlánacha teicniúla agus lóistíochta ann.

Tugadh faoi oibreacha ag an trasnasc idir Luas Traschathrach agus an Líne Dhearg atá ann cheana ag acomhail ag Sráid na Mainistreach Íochtarach le Sráid Uí Chonnail agus Sráid Mhaoilbhríde idir mí Bealtaine agus mí Iúil. Cuireadh ar fionraí seirbhísí na Líne Deirge idir Jervis agus The Point le linn na tréimhse seo agus cuireadh ar fáil bus athsholáthair. D'éirigh leis na hoibreacha a chur i gcrích 4 sheachtain roimh an am sceidealaithe.

Críochnaíodh le rath an leagan rianta thar na hacomhail ag gach taobh de Dhroichead Uí Chonnail i rith na deireadh seachtaine saoire bainc i mí Lúnasa.

Sroicheadh cloch mhíle ollmhór nuair a críochnaíodh an cuid dheiridh den rian sráide i mí na Nollag.

Rinneadh dul chun cinn maith ar an gcuid eas-sráid idir an Chloch Leathan agus Droichead Broome. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí cóireálacha teorainn, oibreacha talúnta agus tógáil rianta agus staid chomh maith le tús le tógáil de ghléasra nua iosta agus ni do thramanna ag Droichead Broome.

### Líne Ghlas Luas

Cuireadh tús le hobair ar fhadú na n-ardán ag na stadanna den Líne Ghlas agus cur i bhfeidhm d'uasghrádú chóras cumhachta, atá riachtanach chun feithiclí iarnróid éadrom nua níos faide a oibriú a sheachadfar mar chuid den Luas Traschathrach.

I mí Aibreáin, bhonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cead pleanála d'fhormhéadú an Iosta Luas ag Áth an Ghainnimh. Leis an iosta formhéadaithe ligfear do chothabháil a dhéanamh ar an bhflít tram níos faide a oibreoidh ar an Líne Ghlas.

## Meitreo Thuaidh Nua

I ndiaidh foilseacháin de Phlean Caipitil an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2015, chuir an tÚdarás tús le hobair ar na céimeanna deartha agus pleanála den thionscadal Meitreo Thuaidh Nua i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. Is é an príomhchuspóir den

chéim seo ná cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBealach is Fearr don Scéim, a chaithfear a sheachadadh ag costas níos ísle ná an costas a bhí beartaithe ar dtús don tionscadal. Leis seo, cuirfear an bonn ar fáil don iarratas a ullmhú ar Ordú Iarnróid (cead pleanála), lena gcuimseofar Ráiteas Tionchair Timpeallachta, chomh maith le forbairt de chás gnó mionsonraithe ar aon dul leis an gCód Caiteachas Poiblí.

Mar chuid de thascanna tionscadail luath, cheap an tÚdarás sainghnólacht dheartha innealtóireachta chun an staidéar cumraíochta tolláin a dhéanamh don Mheitreo Thuaidh Nua agus don DART Fothalún. Leis an staidéar seo, tabharfar comhairle do na cumraíochtaí stáisiúin agus tolláin is fearr le haghaidh an dhá thionscadal.

I mí na Samhna, cheap an tÚdarás foireann dheartha chun staidéar ar roghanna ailínithe a dhéanamh d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar an ailíniú bealaigh is fearr don Mheitreo Thuaidh Nua, chomh maith leis na suíomhanna stáisiúin ina bhfuil an fheidhmíocht is fearr ann a shainmhíniú.

I measc na n-oibreacha eile a bhí ar bun le linn na bliana, bhí staidéar ceangail na Líne Glaise, inar tugadh faoi mheasúnú ar an suíomh ceangail is fearr chun an Meitreo Thuaidh Nua a nascadh leis an Líne Ghlas Luas atá ann cheana, chomh maith le staidéar tagarmharcála costais meitreo d'fhonn faisnéis a fháil faoin gcostas comparáideach le haghaidh tionscadal meitreo idirnáisiúnta.

## Bus

### Príomh-Líonra Bus

Is cuid lárnach den iompar poiblí é an córas bus i réigiún Bhaile Átha Cliath. Is príomhchuspóir de Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de chuid an Údaráis é forbairt de phríomhlíonra bus, lena seachadtar ardleibhéal de thosaíocht bhus. Sa phríomhlíonra bus atá beartaithe, cuimsítear príomhchonairí bus fithiseacha agus radúla chomh maith le líon bheag de Mhearbhealaí Busanna (BRT).

Is é an cuspóir atá leis an bpríomhlíonra bus ná feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar tharraingteacht an líonra bus atá ann cheana trí thurais bhus níos sciobtha a sheachadadh trí fhorfheidhmiú de bhearta tosaíochta bus atá feabhsaithe go mór.

Tugadh faoi obair chun na bealaí is fearr atá ag teacht chun cinn a aithint le haghaidh na príomhlánaí bus radúla atá beartaithe. Forbraíodh dréacht-tuarascálacha féidearthachta chomh maith le dearadh coincheapa le haghaidh na conairí seo a leanas: Baile Munna go dtí Lár na Cathrach, Leamhcán go dtí Lár na Cathrach, Fionnghlas go dtí Lár na Cathrach, Gleann na Life go dtí Lár na Cathrach, agus na Glaschnoic go dtí Lár na Cathrach. Forbraíodh tuarascálacha tosaigh le haghaidh na ptíomhchonairí bus ó Chluain Dolcáin go dtí Lár na Cathrach, Ráth Féarnáin go dtí Lár na Cathrach, Dún Laoghaire go dtí Lár na Cathrach, agus Bré go dtí Stigh Lorgan. Sna tuarascálacha, tugadh comharthú eolasach maidir leis an toradh is cosúil teacht as phróiseas roghnúcháin bealaigh le haghaidh na conairí seo. Mar chuid den obair seo, rinneadh breithniú ar an ngá le saoráidí rothaíochta a uasghrádú ar gach bealach.

I gcás BRT, ceapadh foireann dheartha i mí Dheireadh Fómhair chun obair a dhéanamh chun an bealach is fearr a aithint don scéim BRT atá beartaithe ó Chluain Ghrífín go dtí an Tamhlacht. Ar leith, cuireadh tús le comórtas tairisceana chun foireann dheartha ar leithligh a earcú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le dearaí riachtanacha agus cáipéisiú pleanála don scéim BRT ó Bhaile Bhlainséir go hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

### Flít Busanna



Seachadadh 110 bus dhá urlár san iomlán d'fhlít Bhus Átha Cliath, agus chuaigh siad i mbun seirbhíse i rith na bliana. Léirigh sé seo athchur de "staid sheasta" de 80 feithicil, chomh maith le 30 feithicil breise chun aghaidh a thabhairt ar fhás an mhargaidh.

I gcás Bus Éireann, seachadadh 69 feithicil ar an iomlán agus chuaigh siad i mbun seirbhíse. Ina theannta sin, bronnadh conradh le haghaidh 38 cóiste aon-urlár a sholáthar, agus seachadadh 4 cinn i mí na Nollag agus tá na cóistí eile le seachadadh in 2017.

***Tábla 24 - Seachadadh de bhusanna nua do Bhus Átha Cliath agus Bus Éireann***

| Oibreoir | 2015 | 2016 |
|---|---|---|
| Bus Átha Cliath | 90 | 110 |
| Bus Éireann | 69 | 69 |
| **Iomlán** | **159** | **179** |

### Clár Feabhsúcháin ar Stadanna Bus

Cuireadh i gcrích obair ar chuaillí bus nua caighdeánaithe ar fud Cathair Chorcaí, lena gcuimsítear tráthchlár agus faisnéis bealaigh feabhsaithe.

Bunaithe ar an dtaithí a fuarthas i gCorcaigh, chuir an tÚdarás tús le conarthaí a ullmhú d'oibreacha suiteála cosúla ar fud na tíre sa todhchaí.

### Páirceáil Chóiste

I mí Bhealtaine, bhronn An Bord Pleanála cead pleanála sealadach do shaoráid pháirceála chóiste eas-sráide le haghaidh 50 cóiste i gCeantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath. Chuir an tÚdarás tús láithreach le hullmhúchán na n-aighneachtaí um chomhlíonadh reachtúil, obair deartha mhionsonraithe agus ullmhúchán de cháipéisiú tairisceana.

I mí na Nollag, chuir an tÚdarás comhaontú i gcrích le Comhairle Iompair & Turasóireachta Cóiste na hÉireann maidir le húsáid agus bainistíocht na saoráide sa todhchaí.

### Scáthláin Bhusanna

Mhaoinigh an tÚdarás an t-athchur de 150 sean-scáthlán bus ar fud an líonra Bhus Átha Cliath agus soláthar de 12 scáthlán bus nua ar an líonra Bus Éireann.

Ar leith, chuaigh an tÚdarás i mbun phróiseas tairisceana do dhearadh, soláthar, suiteáil agus cothabháil de scáthláin bhusanna ar bhonn náisiúnta. Bhí díolachán na gcearta fógraíochta ar na painéil taispeánta sna scáthláin bhusanna i gceist chomh maith sa thairiscint. I ndiaidh na tairiscintí a fháil, bronnadh an conradh ar JCDecaux Ireland i mí na Nollag, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

## Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite

Leis an bhfochlár seo, tugtar tacaíocht do raon leathan de thionscadail i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus le béim áirithe ar forbairt de:-

- Bonneagar taistil inbhuanaithe i gceantair uirbeacha; agus
- Bearta comhtháite ar nós an Cárta Leap, Faisnéis Fíor-am do Phaisinéirí agus an Pleanálaí Turais Náisiúnta, lena n-éascaítear taisteal gan uaim leis an iompar poiblí.

I gcás bonneagair a fhorbairt, leithdháiltear maoiniú d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaireachtaí eile trí Chlár Deontais um Bhearta Taistil Inbhuanaithe de chuid an Údaráis. Tugann an tÚdarás maoiniú go díreach do bhearta comhtháite.

***Tábla 25 - Caiteachas ar bhearta um iompar inbhuanaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath***

| | Bus | Siúlóid / Rothaíocht | Sábháilteacht | Bainistíocht Tráchta | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas (€m) | 2.0 | 17.6 | 0.3 | 1.1 | 0.3 | 21.3 |
| Sciar den chaiteachas iomlán(%) | 9.4 | 82.6 | 1.4 | 5.2 | 1.4 | 100 |

Seachadadh roinnt príomhthionscadal leis an gClár, lena n-áirítear:-



- Soláthar de bhealach rothaíochta straitéiseach de 1.8 km idir Bhaile Tamhlachta agus an M50 / an Láthair Náisiúnta Chispheile, lena n-ionchorpraítear 4 acomhal ollmhór, timpeallán oiriúnach do rothair, stadanna bus nua, saoráidí trasrianta agus cosáin.
- Uasghrádú suntasach de phríomhchuid den lána bua ar an seachbhóthar Séipéal Iosóid (R148), le haghaidh seirbhísí busanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. San áireamh sa tionscadal, bhí suiteáil de chomharthaíocht nuálach tríd an acomhal rampa ar Bhóthar na Coille Móire, rud a ghin coigiltí suntasacha ama comhsheasmhaí d'oibreoirí cóiste agus bus ar cheann de na bealaí is gnóthaí sa tír.
- Trasrianta coisithe nua suntasacha ag na suíomhanna seo a leanas i lár na cathrach:-
  - Cúinne Leonard / An Cuarbhóthar Theas;
  - Cearnóg Mhuirfean / Sráid an Chláraigh;
  - Cé an Bhúrcaigh / Sráid na Teamhrach; agus
  - Droichead O'Donovan Rossa.
- Atógáil de chuid amach de Bhóthar na Carraige, ina raibh deacrachtaí suntasacha ann do rothaithe agus do bhusanna mar gheall ar thurnamh.

- Stadanna, scáthláin bhusanna nua agus saoráidí eile ar Bhóthar Ghleann Saileach i nDún Laoghaire (R118), chun tacú leis na seirbhísí bus athbhreithnithe ar bhealach nua idir Dún Laoghaire agus Coill na Silíní.
- Soláthar de bhealach rothaíochta athchóirithe d'ardchaighdeán ar Bhóthar Srafáin, Maigh Nuad mar chuid den chonair fhoriomlán thuaidh-theas trí Bhaile Mhaigh Nuad (lena nasctar ceantair chónaithe, an stáisiún iarnróid, an Ollscoil, scoileanna, siopadóireacht agus an bealach chaitheamh aimsire ar an gCanáil Ríoga).
- Stadanna busanna feabhsaithe in áiteanna eile ar Bhóthar Cholpa i nDroichead Átha, lena ndírítear ar shaincheisteanna um shábháilteacht tráchta agus tacaíocht á tabhairt do sheirbhís bhus comaitéara níos láidre go Baile Átha Cliath.
- Tuilleadh spásanna páirceála ar na sráideanna do rothair i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, campais ollscoileanna agus áiteanna poiblí eile chun freastal ar an éileamh ó rothaithe atá ag dul i méid.
- Tús le comhairliúchán poiblí maidir le tograí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair ar an gConair Dumhach Thrá / Muirifin go dtí an Dúcharraig do gach modh - siúlóid, rothaíocht, iompar poiblí agus trácht.

***Tábla 26 - Bearta um iompar inbhuanaithe a cuireadh i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath***

| Comhlacht Forfheidhmithe[12] | Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Comhairle Contae na Mí | Comhairle Contae Chill Mhantáin | Comhairle Contae Chill Dara | Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath[13] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Lánaí bus nua (méadair) | - | 60 | 544 | - | - | - | - | 604 |
| Lánaí / raonta rothar nua (méadair) | - | 3,555 | 544 | - | - | 1,000 | - | 5,099 |
| Cosáin nua (méadair) | - | 4,228 | 65 | 90 | 718 | 2,140 | - | 7,241 |
| Cosán roinnte / raon rothar (méadair) | - | 175 | 72 | - | - | - | - | 247 |
| Féarbhealach (méadair) | - | 150 | - | - | - | - | - | 150 |
| Feabhsúcháin ar acomhal tráchta (líon) | 2 | 16 | - | 1 | 3 | 5 | - | 27 |
| Moilliú Tráchta (méadair) | | 1,700 | | | 40 | | | 1,740 |
| Timpealláin (líon) | - | 1 | - | - | - | - | - | 1 |
| Racaí Páirceála Rothair (líon) | 166 | - | - | - | - | - | 100 | 266 |

12 Níor críochnaíodh aon scéimeanna i gContae Fhine Gall
13 Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

| Comhlacht Forfheidhmithe[12] | Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Comhairle Contae na Mí | Comhairle Contae Chill Mhantáin | Comhairle Contae Chill Dara | Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath[13] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Feabhsúcháin ar stad bus (líon) | - | 8 | 7 | 2 | 1 | 2 | - | 20 |
| Trasrianta Coisithe / Tiúcánach cuireadh ar fáil (líon) | 8 | 7 | - | - | 5 | - | - | 20 |
| Trasrianta eile (líon) | - | - | - | - | 1 | - | - | 1 |

# Clár um Iompar Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha

Tabhaíodh caiteachas caipitil de €13 milliún ar os cionn 40 tionscadal i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

***Tábla 27 - Caiteachas ar bhearta um iompar inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha***

| | Líonra Bus | Siúlóid & Rothaíocht | Bainistíocht Tráchta | Comhtháthú / Tacaíocht | Sábháilteacht | Tionscadail eile[14] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachais (€ milliún) | 0.7 | 1.2 | 2.7 | 2.2 | 0.8 | 5.4 | 13.0 |
| Sciar án den chaiteachas iomlán(%) | 5.4 | 9.2 | 20.8 | 16.9 | 6.2 | 41.5 | 100 |

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal go dtí céimeanna criticiúla, lena n-áirítear:-

- Cur i gcrích den chéad chéim athghiniúna den stáisiún Colbaird i Luimneach. I gceist anseo, bhí baint den pháirceáil go léir ar aghaidh fhoirgneamh an stáisiúin agus plás sibhialta nua a chruthú, lenar ionchorpraíodh soilsiú, suíocháin agus stáisiún rothair do Luimneach.
- Faomhadh Céim 1 agus Céim 2 den Straitéis Ghluaiseachta Lár Chathair Chorcaí le linn an phróiseas pleanála Chuid 8 d'fhonn iad a chur i bhfeidhm le linn 2017. Is é príomhchuspóir an Straitéis Ghluaiseachta plódú tráchta a laghdú agus inrochtaineacht ar Lár na Cathrach a mhéadú trí raon níos leithne de mhodhanna iompair. I gceist i gCéim 1 agus i gCéim 2 beidh tabhairt isteach de rochtain feithicle shrianta ar Shráid Phádraig d'fhonn seirbhísí éigeandála, bus agus rothaíochta a éascú, chomh maith le pacáiste de bhearta páirceála agus bainistíocht tráchta i gceantar an Lár-Pharóiste.
- Leanadh le hobair a dhéanamh ar fhorbairt an aghaidh ó dheas de stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh. Leis an socrú rochtana athbhreithnithe seo, méadófar an nascacht idir an stáisiún agus lár na cathrach trí amanna bus, siúlóide agus

14 Bhain formhór an chaiteachais seo le hoibreacha ar stáisiún an Cheanntaigh (Corcaigh) agus stáisiún Colbaird (Luimneach)

rothaíochta a ghearradh idir an dhá cheantar. I measc na bpríomhghnéithe den tionscadal beidh foirgneamh fáiltithe nua agus íosbhealach coisithe agus bóthar rochtana nua.

- Cuireadh i gcrích Céim 2 den Tionscadal Nascachta ó Stáisiún an Cheanntaigh go Lár na Cathrach. Cuimsíodh pacáiste de bhearta arna ndeartha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht siúlóide, rothaíochta agus bus idir Stáisiún an Cheanntaigh agus lár na cathrach nuair a bheidh athfhorbairt Stáisiún an Cheanntaigh críochnaithe. San áireamh sna bearta a cuireadh i bhfeidhm bhí uasghrádaithe cosáin agus trasrianta coisithe / rothaíochta, lánaí rothaíochta, lánaí bus / tosaíochtaí bus agus feabhsúcháin ar an soilsiú poiblí.
- Cuireadh i gcrích Céim 2 den Bhealach Ghlas Charraig Uí Leighin. I gceist anseo bhí uasghrádú ar an mbealach Chnoc Maryborough ó dheas ó Bhaile Dúglais, lenar leathnaíodh an bóthar agus lenar tógadh cosáin, lánaí rothaíochta, lánaí bus nua agus feabhsúcháin acomhail.
- Cuireadh i gcrích Plean Líonra Rothaíochta do Cheantar Uirbeach Chorcaí agus d'fhaomh Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí é i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin. Leis an bPlean seo, soláthraítear an bonn do phleanáil, infheistíocht agus seachadadh den bhonneagar rothaíochta i gceantar uirbeach Chorcaí.
- I mí Mheán Fómhair cuireadh i gcrích freisin straitéis iompair uilechuimsitheach le haghaidh Cathair na Gaillimhe agus ghlac Comhairle Chathrach na Gaillimhe Comhairle Contae na Gaillimhe é. Sa straitéis, leagtar amach plean iompair uilechuimsitheach ilmhodach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna reatha maidir le plódú agus chun fás sa chathair a éascú don todhchaí.

***Tábla 28 - Bearta um iompar inbhuanaithe a cuireadh i bhfeidhm i gcathracha réigiúnacha***

| Údarás Áitiúil | Comhairle Cathrach Chorcaí | Comhairle Contae Chorcaí | Comhairle Chathrach na Gaillimhe | Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh | Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lánaí Bus Nua (méadair) | 348 | 0 | 0 | 0 | 0 | 348 |
| Lánaí Rothar Nua (méadair) | 957 | 305 | 386 | 200 | 0 | 1,848 |
| Cosáin Nua (méadair) | 2,606 | 186 | 10 | 574 | 900 | 4,276 |
| Feabhsúcháin ar Acomhal Tráchta (líon) | 12 | 3 | 7 | 2 | 0 | 24 |
| Feabhsúcháin ar Stad Bus (líon) | 2 | 3 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Trasrianta Tiúcánacha a Cuireadh ar Fáil (líon) | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| Trasrianta Coisithe a Cuireadh ar Fáil (líon) | 2 | 1 | 38 | 3 | 1 | 45 |

# Clár Inrochtaineachta Iompar Poiblí

Cé go gcaithfidh na tionscadail go léir maidir le bonneagar iompair phoiblí freastal ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas le blianta beaga anuas, níl méid shuntasach de bhonneagar níos sine inrochtana, go háirithe thar an líonra iarnróid. Is tasc ollmhór é an t-iarfheistiú den bhonneagar níos sine seo. I measc an chláir um oibreacha inrochtaineachta a rinneadh le linn na bliana, bhí na gnéithe seo a leanas.

## Iarnród

Cuireadh isteach ardaitheoir nua atá go hiomlán inrochtana ag Stáisiún Uí Chonghaile (Ardán 6/7) i mí an Mhárta agus cuireadh tús lena húsáid i mí Meithimh. Is iad ardáin 6 agus 7 na príomhardáin DART ag an stáisiún gnóthach seo, agus le soláthar an ardaitheora seo, tá na seirbhísí DART go hiomlán inrochtana ag Stáisiún Uí Chonghaile d'úsáideoirí i gcathaoireacha rothaí.

Faoi dheireadh na bliana, críochnaíodh méid shuntasach de na hoibreacha inrochtaineachta, a cuireadh tús leo in 2015, ag na stáisiúin i gCill Mhantáin, Maigh Nuad agus i gCill Chomhghaill.

Tugadh faomhadh d'iarnród Éireann tabhairt faoi oibreacha inrochtaineachta ag na stáisiúin sa Ráth Droma, sa Mhuileann gCearr, Droichead Louisa i Léim an Bhradáin agus i gCeatharlach. Cuireadh tús leis na hoibreacha ag deireadh na bliana. Mar thoradh air seo, laistigh den phacáiste stáisiúin seo, níor cuireadh i gcrích na hoibreacha ach amháin ag an stáisiún i gCeatharlach roimh dheireadh na bliana.

## Bus Átha Cliath

Fuair Bus Átha Cliath leithdháileadh beag d'fhonn leanúint leis an scéim um cúnamh taistil a éascú do phaisinéirí atá faoi mhíchumas.

## Bus Éireann

Tá cuid shuntasach d'fhlít cóiste Bhus Éireann oiriúnach do chathaoireacha rothaí tríd ardaitheoirí cathaoireacha rothaí. Ach, ní fhéadtar na hardaitheoirí seo a úsáid ach amháin ag stadanna bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

Dá réir sin, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ullmhúchán de rolladh amach de stadanna bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ar fud na tíre.

Ba iad na bealaí Bus Éireann 30 (Baile Átha Cliath - Baile Dhún na nGall) agus 32 (Baile Átha Cliath - Leitir Ceanainn) na céad bhealaí a roghnaíodh chun stadanna bus inrochtana a fháil. Ullmhaíodh dearaí do stadanna inrochtana ar na bealaí seo, tar éis cuairteanna a thabhairt ar na láithreáin d'fhonn oiriúnacht na stadanna bus atá ann cheana a chinneadh. D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le Bus Éireann agus le húdaráis áitiúla ábhartha agus a bhí na pleananna seo á bhforbairt.

## Tacsaithe agus Hacnaithe

Don tríú bhliain i ndiaidh a chéile, thug an tÚdarás deontais ar fáil d'oibreoirí tacsaí agus hacnaí d'fhonn feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach nó d'fhonn na feithiclí caighdeánacha a athrú chun paisinéirí i gcathaoireacha rothaí a iompar. D'éirigh go hiontach leis an scéim deontais, agus cuireadh 335 feithicil breise atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí leis an bhflít tacsaí agus hacnaí, agus mar sin de is ionann líon iomlán na bhfeithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus 1,254 (6%).

# Scéimeanna Rothair Poiblí




Ba bhliain rathúil í 2016 le haghaidh na scéimeanna réigiúnacha um roinnt rothair, agus tháinig méadú de 20% ar an mballraíocht bhliantúil i gCorcaigh, Gaillimh agus i Luimneach, agus is ionann líon na rannpháirtithe agus 14,263.

Ach, rinneadh 12,422 (3.6%) turas níos lú ar fud na trí chathair i gcomparáid le 2015.

Bhí feidhmiúchán sa scéim i bhfad níos dona i nGaillimh ná a bhí i gCorcaigh agus i Luimneach. Leis an t-aiseolas a fuarthas ón oibreoir agus ó na húsáideoirí, cuireadh in iúl go bhfuil teorainn ar an leas a d'fhéadfadh baill a bhaint as an scéim mar gheall ar an méid gheografach. Go háirithe, ní fhreastalaíonn an scéim ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ní Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe, atá suite in iarthar na cathrach.

I mí Meithimh, thosaigh an tÚdarás staidéar féidearthachta chun suíomhanna oiriúnacha a aithint le haghaidh láithreán stáisiúin rothair i nGaillimh agus cuireadh tús le naoi stáisiún breise a thógáil i mí na Samhna. Faoi dheireadh na bliana, rinneadh dul chun cinn substaintiúil ar ocht stáisiún. Ach, iarchuireadh obair ar an stáisiún eile, áfach, mar gheall ar chúiseanna imní a chuir cónaitheoirí áitiúla in iúl.


***Tábla 29 - Scéimeanna Rothair Poiblí (úsáid)***

| Cathair | Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2015 | Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2016 |
|---|---:|---:|
| Corcaigh | 289,426 | 290,590 |
| Gaillimh | 19,934 | 13,574 |
| Luimneach | 40,118 | 32,892 |
| **Iomlán** | **349,478** | **337,056** |

***Tábla 30 - Scéimeanna Rothair Poiblí (ballraíocht)***

| Cineál Ballraíochta | Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2015 | Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2016 |
|---|---:|---:|
| Corcaigh | 7,367 | 9,382 |
| Gaillimh | 1,836 | 1,984 |
| Luimneach | 2,308 | 2,684 |
| Corcaigh - Gaillimh | 53 | 57 |
| Corcaigh - Luimneach | 49 | 54 |
| Gaillimh - Luimneach | 46 | 46 |
| Corcaigh - Gaillimh - Luimneach | 52 | 56 |
| **Iomlán** | **11,711** | **14,263** |

# 06




# Feithiclí Beaga na Seirbhíse Poiblí

Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú forleathan den chreatlach ceadúnaithe tiománaithe d'fheithiclí seirbhíse poiblí beaga d'fhonn a mheas go bhfuil riachtanais an lae atá inniu ann á gcomhlíonadh.

# Réamhrá

San earnáil SPSV nó feithicle seirbhíse poiblí bige, cuimsítear feithiclí tacsaí, hacnaí agus limisín agus a gcuid tiománaithe.

# Reachtaíocht

Leis an Acht um Iompar Poiblí 2016, a tháinig i bhfeidhm i mí na Feabhra, ionchorpraíodh roinnt leasuithe ar an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013.

Mar thoradh ar na leasuithe sin, chruthaigh an tÚdarás an Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Feithiclí Beaga na Seirbhíse Poiblí) 2016, i mí Bealtaine.

Dá réir sin, ag deireadh na bliana 2016, cuimsíodh an reachtaíocht seo a leanas sa chreatlach reachtaíochta don earnáil SPSV:-

- An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2013 (leasaithe),
- Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Feithiclí Beaga na Seirbhíse Poiblí) 2015,
- Ordú faoin Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Táillí Uasta) 2015, agus
- Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Feithiclí Beaga na Seirbhíse Poiblí) 2016.

# Ceadúnú Tiománaithe

Is ar An Garda Síochána atá an fhreagracht reachtúil as ceadúnú na dtiománaithe, lena n-áirítear grinnfhiosrú na n-iarratasóirí Ach, is é an tÚdarás a dhéanann próiseáil na n-iarratas agus na n-athnuachana ar cheadúnas tiománaí áfach, ar son na nGardaí Síochána. Áirítear leis seo an Clár um Fhorbairt Scileanna d' iontrálaithe nua, atá deartha chun cabhrú le hoibreoirí raon de scileanna a fhorbairt atá riachtanach chun oibriú sa tionscal.

Ó 2009 ar aghaidh, ní mór d'iarratasóirí ar cheadúnas tiománaithe an Clár um Fhorbairt Scileanna a chríochnú agus an Tástáil Iontrála Tiománaí a phasáil, lena gcuimsítear dhá mhodúl maidir le heolas tionscail rialála agus eolas faoin gceantar don chontae ar mhian leis an iarratasóir oibriú.

Rinne 1,352 iarrthóir 3,204 Tástáil Iontrála Tiománaí san iomlán. Ba mhéadú é seo de 8% ar 2015. Bhí beagnach 43% (580) de na hiarrthóirí úd rathúil. Theastaigh trí iarracht ó na hiarrthóirí úd ar an meán chun pasmharc a ghnóthú; ach fuair 32% de na hiarrthóirí pas ar an gcéad iarracht áfach.

Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas tiománaithe gníomhaíoch de 3.7% o 27,440 in 2015 go 26,420 in 2016. Léiríonn na figiúirí laghdú de 44% ón mbuaicphointe i mBealtaine 2009.

Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú forleathan den chreatlach ceadúnaithe tiománaithe SPSV, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na tástála, oiliúna agus monatóireacht tiománaithe a bhaineann lei, d'fhonn a mheas go bhfuil riachtanais an lae atá inniu ann á gcomhlíonadh. Bhí comhairliúchán poiblí iomlán ar siúl i mí na Samhna.

# Ceadúnú Feithicle

Is é an tÚdarás an t-údarás ceadúnaithe d'fheithiclí agus d'oibreoirí seolta. Áirítear leis seo, bronnadh agus athnuachan na gceadúnas d'fheithiclí agus d'oibreoirí seolta, mar aon le gach ceadúnú gaolmhar, cigireacht feithicle, gníomhaíocht chomhlíonta agus theicniúil. Ní mór do na ceadúnais sin athnuachan a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad, lena ligtear don Údarás monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na bhfeithiclí agus na seirbhíse atá á soláthar.

Tháinig meathlú ar líon na gceadúnas gníomhach d'fheithiclí SPSV de 1.6% o 21,146 in 2015 go 20,804 in 2016, arbh í an leibhéal ab ísle dó le deich mbliana anuas.

***Tábla 31 – Catagóirí ceadúnais fheithiclí sa bhflít SPSV amhail 31 Nollaig 2016***[15]

| Cineál | Tacsaithe Caigh-deánacha | Hacnaithe Caigh-deánacha | Limisíní | Tacsaithe atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí | Hacnaithe atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí | Hacnaithe do Cheantair Áitiúla | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon | 15,961 | 1,838 | 1,741 | 1,185 | 69 | 10 | 20,804 |
| Céatadán | 76.7 | 8.8 | 8.4 | 5.7 | 0.3 | 0.0 | 100 |

# Imscrúduithe ar Oiriúnacht Feithicle

Ní mór do gach ceadúnas feithicle a athnuachan go bliantúil ar a laghad. Bunaítear ródacmhainneacht feithicle ar dtús tríd an Tástáil Gluaisteáin Náisiúnta, agus caithfear feithicil a imscrúdú ina diaidh sin chun a hoiriúnacht d'úsáid mar fheithicil bheag seirbhíse poiblí a chinntiú.

Rinneadh 28,992 imscrúdú feithicle aonair d'oiriúnacht, ar bhain 23,831 acu le himscrúduithe athnuachana ceadúnais agus 5,161 le ceadúnais feithicle nua nó le hathruithe feithicle ar cheadúnas a bhí ann cheana. Bhí 92% de na himscrúduithe rathúil ar chéad chur i láthair na feithicle.

Lean Applus Car Testing Ireland Limited ar aghaidh ag soláthar gréasáin náisiúnta de dhá lárionad saintiomanta dhéag d'imscrúduithe oiriúnachta feithicle faoi chonradh leis an Údarás. Is faoin gconradh sin freisin a sholáthraíonn an Chuideachta roinnt seirbhísí gaolmhara ar nós éascú do Thástáil Iontrála Tiománaí ag cúig phríomhionad imscrúdaithe ag Baile Átha Cliath (2), Corcaigh, Gaillimh agus Sligeach.

# Gníomhaíocht Chomhlíonta

Tháinig méadú ollmhór ar líon na seiceálacha ar thiománaithe SPSV agus a gcuid feithiclí ó 30,000 in 2015 go 90,000 in 2016. Éascaíodh an méadú ar an ngníomhaíocht, le haip shaincheaptha lena ligtear d'oifigigh chomhlíonta stádas an tiománaí agus na gceadúnas feithicle a sheiceáil i bhfíor-am. Tarlaíonn na seiceálacha seo gan cur isteach ar na hoibreoirí a chomhlíonann na rialacha.

Mar thoradh ar na seiceálacha seo, reáchtáladh iniúchtaí níos mionsonraithe duine le duine i níos mó ná 12,000 cás, agus eisíodh 1,099 Fógra Íocaíochta Seasta dá bharr.

15 Ó 2010 ar aghaidh, féadfaidh iontrálaithe nua sna hearnálacha tacsaí agus hacnaí, ceadúnais a fháil d'fheithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

*Tábla 32 - Seiceálacha agus iniúchtaí feithicle a rinneadh ar thaobh an bhóthair*

| Bliain | Líon na Seiceálacha | Líon na nIniúchtaí ar Thaobh an Bhóthair | Fógraí Íocaíochta Seasta |
|---|---|---|---|
| 2015 | 29,123 | 11,765 | 692 |
| 2016 | 90,243 | 12,012 | 1,099 |

Bhain formhór na bhfógraí íocaíochta seasta a eisíodh (tuairim is 51%) le tiománaithe a mhainníonn mionsonraí na feithicle á hoibriú a fhógairt. Tagann an cion sin aníos i ndáil leis an gceanglas dlíthiúil do thiománaí ceadúnaithe an fheithicil cheadúnaithe a thiomáintear a chlárú leis an mbunachar sonraí lárnach arna bhainistiú ag an Údarás. Tacaíonn an bunachar sonraí sin leis an Aip Driver Check, a ligeann do phaisinéirí nó do phaisinéirí ionchasacha stádas ceadúnaithe a rogha feithicle agus tiománaí a mheasúnú agus chun na mionsonraí sin a roinnt le tríú pháirtí. Bíonn comhréireacht íocaíochta ag 82% ag na Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíonn an tÚdarás; téann an fuílleach chun na cúirte dá n-ionchúiseamh.

*Tábla 33 - Fógraí Íocaíochta Seasta arna n-eisiúint de réir cion*

| Cur Síos ar an gCion | Pionós (€) | Líon na bh-Fíneálacha |
|---|---|---|
| Mainneachtain mionsonraí SPSV á n-oibriú a fhógairt | 40 | 557 |
| Ina sheasamh dá fhruiliú i dtacsaí éigin nach bhfuil ag an seastán ceaptha | 40 | 140 |
| Mainneachtain na caighdeáin agus riachtanais d'fheithiclí a chomhlíonadh is infheidhmithe don chatagóir ceadúnais | 60 | 116 |
| Mainneachtain na riachtanais a chomhlíonadh maidir le feistiú agus le hoibriú tacsaiméadair | 60 | 92 |
| Mainneachtain riachtanais chomhartha ar dhíon an tacsaí a chomhlíonadh | 60 | 39 |
| Diúltú míréasúnta paisinéir a iompar nuair nach mbíonn an turas níos faide ná 30 ciliméadar | 80 | 33 |
| Mainneachtain an tacsaiméadar a oibriú agus an tacsaí ar fruiliú | 60 | 30 |
| Mainneachtain admháil a chlóbhualadh agus a thairiscint san fhoirm fhorordaithe don phaisinéir nuair a thagann an turas chun críche i dtacsaí | 40 | 30 |
| Mainneachtain an fhaisnéis riachtanach a thaispeáint laistigh den fheithicil | 40 | 22 |
| Mainneachtain an t-aitheantas tiománaithe riachtanach a thaispeáint | 60 | 8 |
| Ina sheasamh ag seastán ceaptha gan an fheithicil bheith ar fáil dá fruiliú | 40 | 7 |
| Ina sheasamh le tacsaí ar bhóthar poiblí atá tadhlach nó cóngarach do sheastán ceaptha nuair a bhíonn an seastán ceaptha lán | 40 | 7 |
| Mainneachtain an tiománaí hacnaí nó limisín chun an taifead áirithinte riachtanach a iompar i ndáil le fruiliú | 60 | 4 |
| Ina sheasamh nó ag saothrú fruilithe i gcontae éigin gan ceadúnas chun seasamh ná fruiliú a shaothrú sa chontae sin | 40 | 4 |
| Diúltú madra cuidithe nó madra treorach a iompar i SPSV | 40 | 3 |

| Cur Síos ar an gCion | Pionós (€) | Líon na bh-Fíneálacha |
|---|---|---|
| Mainneachtain na riachtanais chomhlíonadh maidir le calabrú na dtacsaiméadar | 250 | 2 |
| Comhartha nó fógra ar thaispeáint i dtacsaí/limisín nach bhfuil forordaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair | 40 | 1 |
| Mainneachtain an chomharthaíocht fhorordaithe a bheith greamaithe do chomhlaí dorais tosaigh an tacsaí / an tacsaí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí | 250 | 1 |
| Táille áirithinte a chur i bhfeidhm maidir le tacsaí atá glactha agus atá sé á fhruiliú nó ina sheasamh dá fhruiliú nó gan áirithint a bheith déanta roimh ré ag an tomhaltóir | 60 | 1 |
| Diosca dobhearnaithe a bhaint nó iarracht é a bhaint | 80 | 1 |
| Mainneachtain diosca dobhearnaithe a thaispeáint | 80 | 1 |
| **Iomlán** | | **1,099** |

Mar a thaispeántar i dTábla 34, tugadh na cásanna go dtí an chúirt trí ionchúiseamh díreach i gcomhar sárú reachtaíochta lasmuigh de na Cionta Íocaíochta Seasta / fíneálacha ar an láithreán, tar éis do na hoifigigh comhlíonta oibríochtaí nó brathadóireacht shainiúil a dhéanamh. As na cásanna sin, i 49 cás ionchúisíodh na ciontóirí ós rud é nach raibh ceadúnas tiománaithe bailí acu, i 32 cás ionchúisíodh na ciontóirí ós rud é nach raibh ceadúnas feithicle bailí acu, i 14 cás ní raibh aon cheadúnas acu agus i 15 cás ionchúisíodh na ciontóirí de bharr gur lig siad tiománaí nó feithicil neamhcheadúnaithe oibriú. Ina theannta sin, bhain 21 cás eile le sárú na rialacháin agus 77 cás eile as neamhíocaíocht d'Fhógraí Íocaíochta Seasta. Ar an iomlán, d'éirigh le níos mó ná 92% de na cásanna ar thug an tÚdarás.

***Tábla 34 – Ionchúisimh de réir Cion***

| Catagóir | | Líon |
|---|---|---|
| Oibreoir SPSV Neamhcheadúnaithe | Líon na gCeadúnas Tiománaithe | 49 |
| | Líon na gCeadúnas Feithicle | 32 |
| | Líon na gCeadúnas Tiománaithe agus Líon na gCeadúnas Feithicle | 14 |
| | Ligean do Thiománaí / Feithicil Neamhcheadúnaithe Oibriú | 15 |
| Oibreoir Seolta - Mainneachtain comhlíonadh leis na ceanglais | | 2 |
| Feithicil Neamhoiriúnach | | 4 |
| Iompraíocht Tiománaithe - Mainneachtain comhlíonadh leis na dualgais | | 1 |
| Bac a chur ar Dhuine Údaraithe | | 1 |
| Sárú Uasmhéid Phaisinéirí a Cheadaítear | | 1 |
| Úsáid Chomharthaíocht / Aitheantas d'Fheithicil Neamhcheadúnaithe | | 9 |
| Fógraíocht d'Fheithicil / Seirbhís SPSV Neamhcheadúnaithe | | 3 |
| Mainneachtain Pionós Íocaíochta Seasta a Íoc | | 77 |
| **Cásanna Iomlána** | | **208** |

## Gearáin ó Thomhaltóirí




Tháinig méadú de 7.5% ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

As an 998 gearán a fuarthas, níorbh fhéidir 48% acu a phróiseáil ar chúiseanna éagsúla ar nós gan aon fhreagra ón ngearánaí nó nach raibh an gearánaí neamhthoilteanach chun rannpháirt a ghlacadh nó easpa fianaise chun ionchúisimh, nach raibh aon fianaise ann de chion ar bith.

Tugadh comhairle maidir lena ndualgas agus lena bhfreagrachtaí de réir an dlí d'oibreoirí i 35% de na cásanna, nó tugadh rabhadh dóibh nó fuair siad foláirimh fhoirmiúla nó Fógraí Íocaíochta Seasta. Tarchuireadh 6% eile de chásanna chuig gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear An Garda Síochána.

Ní cuireadh i gcrích na himscrúduithe ar 9% de na cásanna a bhí fágtha faoi dheireadh na bliana.

***Tábla 35 – Gearáin maidir le Seirbhísí SPSV***

| Cineál Gearáin | 2015 | 2016 |
|---|---|---|
| Iompar, béasa agus aitheantas tiománaí | 491 | 444 |
| Dea-bhail, ródacmhainneacht agus glaine na bhfeithiclí | 53 | 34 |
| Ábhair a bhaineann le fruiliú agus áirithiú feithiclí | 83 | 172 |
| Róghearradh agus ábhair eile a bhaineann le táillí (mainneachtain admháil a thabhairt) | 297 | 348 |
| Aitheantas agus dealramh ginearálta feithiclí, lena n-áirítear fógraí | 4 | 0 |
| **Iomlán** | **928** | **998** |


## Ionad Seirbhíse

Soláthraíonn an tÚdarás ionad seirbhíse saintiomanta chun cúnamh le custaiméirí agus le hoibreoirí le faisnéis, áirithintí, fiosruithe agus gearáin tionscail. Foinsítear an tseirbhís sin go allamuigh le soláthraí speisialtóireachta, SGS Ireland Limited.

***Tábla 36 – Staitisticí den Ionad Seirbhíse***

| Bliain | Glaonna ó Thomhaltóirí | Glaonna ó Bhaill an Tionscail | Líon Iomlán na nGlaonna |
|---|---|---|---|
| 2015 | 2,348 | 115,053 | 117,401 |
| 2016 | 2,758 | 99,919 | 102,677 |

# 07



# Cúrsaí Corparáideacha Ginearálta

Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a gcuid socruithe um rialachas corparáideach, ionas go mbeidís go hiomlán i gcomhréir leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit

# Faisnéis maidir leis an mBord

Tá an fhreagracht laethúil ar an bPríomhfheidhmeannach as riarachán agus gnó an Údaráis. Ach, forchoimeádtar don Bhord cinntí maidir le hábhair shainiúla áirithe. Áirítear leo seo, cuspóirí agus straitéisí fadtéarmacha an Údaráis, faomhadh na tuarascála bliantúla agus na ráitis airgeadais, glacadh le pleananna straitéiseacha, faomhadh de phleananna agus buiséid bhliantúla, athbhreithniú ar shocruithe corparáideacha foriomlána an Údaráis, srl.

Déanann an bhainistíocht measúnú ar phríomhphriacail an Údaráis agus déanann an Bord athbhreithniú orthu i ngach ceann dá chruinniú. Aithnítear fachtóirí maolúcháin agus glacfar gníomhartha maidir leo de réir mar is cuí. Baineann na príomhrioscaí le leorgacht maoiniú, bainistíocht acmhainní, bainistíocht den chlár caipitil, bainistíocht de tionscnaimh nua agus atá ann cheana agus plódú tráchta.

I mí na Samhna, ceapadh an tUasal Philip L'Estrange, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais, mar Rúnaí an Bhoird.

Thionóil an Bord 11 uair. Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Bhoird ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

***Tábla 37 - Ballraíocht agus Tinreamh an Bhoird ar chruinnithe***

| Comhalta an Bhoird | Post | Dáta Ceaptha | Cruinnithe a bhfuil sé/sí intofa freastal orthu (Cruinnithe a bhfreastail sé/sí orthu) |
|---|---|---|---|
| An tUasal John Fitzgerald | Cathaoirleach | 1 Nollaig 2009 (Athcheaptha mí na Nollag 2014) | 11 (11) |
| An Dochtúir Berna Grist | Gnáth-Chomhalta | 1 Nollaig 2009 (Athcheaptha mí na Nollag 2014) | 11 (10) |
| An tUasal Linda Saunders | Gnáth-Chomhalta | 1 Nollaig 2009 (Athcheaptha mí na Nollag 2014) | 11 (10) |
| An tUasal Hugh Creegan (Stiúrthóir um Rialáil Tacsaí & Infheistíocht Iompair) | Gnáth-Chomhalta (ex officio) | 29 Samhain 2010 | 11 (11) |
| An tUasal Owen Keegan (Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath) | Gnáth-Chomhalta (ex officio) | 3 Meán Fómhair 2013 | 11 (9) |
| An tUasal Anne Graham (Príomhfheidhmeannach) | Gnáth-Chomhalta (ex officio) | 7 Eanáir 2015 | 11 (11) |
| An tUasal Ann Fitzgerald | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (9) |
| An tUasal Frank Gleeson | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (6) |
| An tUasal Pat Mangan | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (11) |
| An tUasal Frank O'Connor | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (11) |
| An tUasal Fiona Ross | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (11) |
| An tUasal Sinéad Walsh | Gnáth-Chomhalta | 24 Meán Fómhair 2015 | 11 (9) |

# Coiste Riosca agus Iniúchta

Déanann an Coiste Riosca agus Iniúchta maoirseacht ar fheidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis. Déanann an Coiste moltaí agus tugann sé tacaíocht don Bhord chun a oibleagáid a shásamh chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt i leith córais agus rialuithe an Údaráis. Thionóil an Coiste ceithre huaire, agus is é RSM McClure Watters Iniúchóir Inmheánach neamhspleách an Údaráis.

B'fhíorleathan é raon feidhme an Phlean Iniúchta Inmheánaigh don bhliain 2016, de réir mar a bhí faofa ag an gCoiste, lenar áiríodh athbhreithnithe ar:

- Córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis;
- Scéim Ticéadaithe Chomhtháite an Chárta Leap;
- Íocaíochtaí do sheirbhísí iompair phoiblí ar conradh;
- Deontais chaipitiúla le tríú páirtithe don bhonneagar iompair phoiblí agus do thionscnaimh chomhghaolmhara;
- Íocaíochtaí agus riarachán i ndáil leis an gClár Iompair Thuaithe;
- Clár Taistil na Scoileanna Glasa;
- Pleanálaí Turais Náisiúnta; agus
- Achomhairc a bhaineann le cearta na bpaisinéirí atá ag taisteal san aer, ar mhuir agus ar bhealaí uisce intíre.

Déanann an Coiste Riosca agus Iniúchta monatóireacht freisin ar ghníomhaíochtaí bainistíochta priacail laistigh den Údarás. Déantar na measúnachtaí priacail faoi dhó in aghaidh na bliana, agus athbhreithnítear iad leis an gCoiste agus ag an mBord ina dhiaidh sin.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhaomh an Bord téarmaí tagartha athbhreithnithe don Choiste.

I ndiaidh phróiseas tairisceana, d'fhaomh an Bord ceapadh an tUasal Brian Hayes, comhpháirtí le Moore Stephens chun a bheith mar bhall seachtach den Choiste.

Rinneadh an Coiste athbhreithniú ar a chuid éifeachtachta i mí na Nollag, ag baint leasa as an seicliosta dea-chleachtais arna sholáthar ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Thuairiscigh an Coiste Iniúchta don Bhord ina dhiaidh sin go bhfuiltear ag comhlíonadh le treoir dea-chleachtais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Tábla 38 - Ballraíocht agus Tinreamh an Coiste Riosca agus Iniúchta ar chruinnithe***

| Comhalta den Choiste Riosca agus Iniúchta | Dáta Ceaptha | Cruinnithe a bhfuil sé/sí intofa freastal orthu (Cruinnithe a bhfreastail sé/sí orthu) |
|---|---|---|
| An tUasal Linda Saunders, Cathaoirleach | 21 Deireadh Fómhair 2010 | 4 (4) |
| An tUasal Frank O'Connor | 20 Samhain 2015 | 4 (4) |
| An tUasal Fiona Ross | 18 Nollaig 2015 | 4 (4) |
| An tUasal Brian Hayes | 18 Samhain 2016 | 1 (1) |

## Cód Cleachtais Athbhreithnithe maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tháinig an Cód Cleachtais athbhreithnithe i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair. Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a gcuid socruithe um rialachas corparáideach, ionas go mbeidís go hiomlán i gcomhréir leis an gCód athbhreithnithe.

## Nochtuithe Cosanta

Fuair an tÚdarás nochtadh cosanta amháin le linn na bliana maidir le cleachtas agus nós imeachta na hearcaíochta agus roghnúcháin. Rinne páirtí seachtrach imscrúdú agus tuairiscíodh go raibh dea-chleachtas i bhfeidhm.

## Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

Ba phríomhbhéim don Údarás í cosaint na gcóras TFC ón mbagairt ar chibearshlandáil atá ag dul i méid.

Suiteáladh agus coimisiúnaíodh córas um bainistíocht imeachta agus faisnéis slándála go luath sa bhliain. Leis seo, ligtear don Údarás monatóireacht a dhéanamh i bhfíor-am ar aon imeacht nó teagmhas ar an ngréasán a d'fhéadfadh cibear-ionsaí a chur in iúl agus chun glacadh le beart láithreach chun na córais a chosaint. Ina theannta sin, fuarthas uirlis bogearraí um feasacht fioscaireachta agus rinneadh í a rolladh amach chun leibhéal na feasachta fioscaireachta i measc na mball foirne a thomhas. Tugadh faoi chláir um fheasacht slándála, lena n-áirítear oiliúint foirne. Tá oibriúcháin slándála an Údaráis aibithe go mór mhór anois, agus bíonn an fheidhmíocht á tagarmharcáil go leanúnach i gcoinne piaraí ón tionscal.

Cuireadh i bhfeidhm roinnt tionscnamh straitéiseach d'fhonn córais an Údaráis a dhéanamh níos cobhsaí, athléimní le cumas tacaíochta. Tugadh isteach bonneagar níos tapa, athléimní agus nua le haghaidh roinnt córas tábhachtach, lena n-éascaítear amanna athshlánúcháin níos sciobtha agus athléimneacht mhéadaithe.

Tá tacaíocht TFC éifeachtach tábhachtach d'fháil de roinnt de chláir oibre straitéiseacha an Údaráis tríd an soláthar de chórais bainistíochta tionscadail, straitéis TF, sonraíocht de riachtanais theicniúla agus slándála sa todhchaí, chomh maith le riachtanais anailíseacha sonraí agus faisnéise. San iomlán, cuireadh i gcrích 30 tionscadal, agus chomhlíon 92% na critéir chostais agus cháilíochta ábhartha.

## Cosaint Sonraí

Thug Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi athbhreithniú maidir le córais um cosaint sonraí i gcórais tacsaí an Údaráis le linn mhí Eanáir agus Feabhra. Ba é an aidhm a bhí leis an athbhreithniú ná a aimsiú cibé raibh na nósanna imeachta agus na cleachtais a bhí i bhfeidhm ag an Údarás ag comhlíonadh le forálacha na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Sa tuarascáil athbhreithniúcháin, luadh go raibh "feasacht eagraíochtúil an-ard maidir le prionsabail um cosaint sonraí le feiceáil go ginearálta."

Ar leith, bunaíodh meitheal chun próiseas ullmhúcháin agus forfheidhmiúcháin na mbearta riachtanacha a spreagadh d'fhonn a chinntiú go raibh an tÚdarás ag comhlíonadh go hiomlán leis an Rialachán nua um Cosaint Sonraí Ginearálta, a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Bealtaine 2018. Áirítear leis seo, tabhairt isteach de mheasúnachtaí tionchair um phríobháideachas (PIAnna) le haghaidh na dtionscadal go léir agus cur i gcrích de chatalóg iomlán maidir le sócmhainní sonraí an Údaráis a bhfuil fíor-thábhacht ag baint leo.

Le linn na bliana, cuireadh béim mhór ar athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar ullmhacht an Údaráis sárú sonraí a fhreagairt.

## An Ghaeilge

I mí Iúil, d'fhaomh an tAire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an chéad dréachtscéim den Údarás faoi hAcht na dTeangacha Oifigiúla, ina mionshonraítear na seirbhísí a bheidh á soláthar ag an Údarás i nGaeilge. Tháinig an scéim de thrí bhliana i bhfeidhm an 2 Lúnasa.

## Teagmháil Oireachtais

D'fhreastail an tÚdarás ar chruinnithe Choiste an Oireachtais um Iompar agus Cumarsáide (Eanáir) agus ar chruinnithe Choiste an Oireachtais um Iompar, Turasóireachta agus Spórt (Deireadh Fómhair agus Samhain).

Sholáthair an tÚdarás freagraí scríofa freisin ar iarratais d'fhaisnéis ó Choiste na gCuntas Poiblí agus ón gComhchoiste um Maoirsiú na Seirbhíse Poiblí agus Achainí.

D'fhreagair an tÚdarás ar 477 Ceist Pharlaiminteach agus fiosrú scríofa ó ionadaithe poiblí.


## Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an tÚdarás 48 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

## Clampáil Feithicle

Chuir an tÚdarás tús le hullmhúcháin ionas go mbeadh sé ábalta clampáil feithicle a rialáil, i gcomhréir leis na forálacha den Acht um Chlampáil Feithiclí 2015. Faoi dheireadh na bliana, rinneadh dul chun cinn maith ar na socruithe forfheidhmithe riachtanacha. Ach, le linn na hoibre seo, thug an tÚdarás an t-saincheist anuas leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an gcaoi a dhéileálann an tAcht leis an bpróiseas comhairliúcháin sula dtugann sé éifeacht do na Rialacháin riachtanacha. Ina dhiaidh sin, chinn an Roinn go raibh ar an Oireachtas an tAcht a leasú chun díriú ar an t-saincheist seo agus ionchorpraíodh é sin ina dhiaidh sin isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016. Mar thoradh air seo, ní rabhthas ábalta an tAcht a thabhairt i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana.

# 08



# Ról an Údarás Náisiúnta Iompair

Is comhlacht Stáit reachtúil neamhthráchtála é an tÚdarás, a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

# Réamhrá

Bunaíodh é de bhun an tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh ar dtús é mar údarás iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoin Acht 2008. Ach, athainmníodh é mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar síneadh feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus feithiclí seirbhíse poiblí beaga ar bhonn náisiúnta a áireamh leis.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lena gcomhdhlúthaítear agus lena nuashonraítear an phríomhreachtaíocht maidir le ceadúnú fheithiclí beaga na seirbhíse poiblí agus a gcuid tiománaithe, formhéadaíodh scóip gheografach fheidhmeanna an Údaráis ar bhonn náisiúnta.

Le hAcht um Chlampáil Feithiclí 2015, leagtar an fhreagracht maidir le rialáil na ngníomhaíochtaí clampála ar fud na tíre ar an Údarás. Ach, níor tháinig an tAcht i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2016.

Leis an Acht um Iompar Poiblí 2016, neartaíodh cumhachtaí an Údaráis, agus tugadh an chumhacht dó fodhlíthe a dhéanamh maidir le rialáil úsáid na bpaisinéirí de sheirbhísí busanna poiblí fóirdheonaithe áirithe.

Coinníonn an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha i ndáil le bonneagar agus le comhtháthú iompair agus pleanála úsáide talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn éilimh shonracha iompair phoiblí agus bainistíochta tráchta den réigiún thoir ina bhfuil 40% de dhaonra an Stáit agus 43% den fhostaíocht sa Stát.

# Feidhmeanna Reachtúla

I dtéarma leathana, is féidir feidhmeanna reachtúla an Údaráis a achoimriú mar seo a leanas:

## Náisiúnta (lena n-áirítear Mórcheantar Bhaile Átha Cliath)

- Seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí mheán conarthaí seirbhísí iompair phoiblí;
- Ticéadú, táillí agus faisnéis faoin iompar poiblí ar comhtháite iad a sholáthar;
- Líonra iompair phoiblí comhtháite, inrochtana a fhorbairt;
- Ceadúnú do sheirbhísí paisinéirí bus poiblí nach dtagann faoi réir conartha seirbhísí iompair phoiblí;
- Bainistíocht den Chlár Iompar Tuaithe;
- Bonneagar agus flít bus a sholáthar;
- Scéimeanna agus bonneagar rothaíochta a sholáthar chun rothaíocht a chur chun cinn;
- Branda iompair phoiblí amháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creatlach rialála a fhorbairt agus a chothabháil do rialáil agus oibriú na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) agus dá dtiománaithe;
- Aighneachtaí reachtúla a ullmhú i leith na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha;
- Sonraí agus faisnéis staitistiúla a bhailiú faoin iompar;
- Cearta paisinéirí an AE a fhorfheidhmiú san iompar iarnróid, muirí, agus bus agus cóistí;

- Údarúcháin an AE agus cineálacha turais a bhailíochtú i ndáil le taisteal bus agus cóiste i gcomhréir le Rialachán AE Uimh. 1073/2009; agus
- Oibriú mar an comhlacht eadrána náisiúnta do sholáthraithe seirbhísí dola leictreonacha.

### Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amháin

- Pleanáil straitéiseach den iompar a dhéanamh;
- Infheistiú i ngach bonneagar iompair phoiblí;
- Bainistiú éifeachtach an éilimh ar thrácht agus iompar a fhorbairt agus a chosaint.

## Feidhmeanna Eile

I dteannta lena fheidhmeanna reachtúla is amhlaidh freisin a dhéanann an tÚdarás roinnt feidhmeanna ar son na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhunús neamhreachtúil. Áirítear leis na feidhmeanna neamhreachtúla:

- Pleanáil agus maoiniú de tionscadail iompair inbhuanaithe sna cathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge;
- Riarachán na gClár um Ionaid Oibre le Taisteal níos Cliste agus um Champais le Taisteal níos Cliste;
- Bainistíocht de Chlár Taistil na Scoileanna Glasa;
- Soláthar de mhaoiniú inrochtaineachta d'oibreoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile; agus
- Pleanáil iompair straitéisigh le haghaidh na gcathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge).

## Rialachas

### Bord

Is é Bord a rialaíonn an tÚdarás, ar a mbíonn dáréag comhaltaí arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord, atá curtha in áirithe don Phríomhfheidhmeannach agus bainisteoir sinsearach eile den Údarás agus don Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath.


Is féidir na comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas le cúig bliana, agus is féidir iad a athcheapadh. Ach, ní fhéadtar le Comhaltaí an Bhoird fónamh ar feadh níos mó ná deich mbliana áfach. Ní fheidhmíonn an srianadh sin do chomhaltaí ex officio a bhíonn ceaptha ar feadh chomh fada agus a bhíonn siad sa phost ábhartha.

### Comhlacht Comhairleach

Is é ról an Choiste Chomhairligh um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí ná comhairle a sholáthar don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, i ndáil le saincheisteanna ábhartha d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí agus dá dtiománaithe.

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann comhaltaí an Choiste Chomhairligh.

# 09




# Faisnéis Faoi Chomhaltaí An Bhoird

Hugh Creegan



Is é Hugh Creegan Stiúrthóir na hInfheistíochta Iompair agus an Rialacháin Tacsaithe ag an Údarás agus is é an Leas-Phríomhfheidhmeannach é. D'oibrigh sé roimhe seo leis an Údarás Náisiúnta um Bóithre mar Cheann Rannóige le freagracht as Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Oibríochtaí Tráchtála agus Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é le taithí fhorleathan ar thionscadail mhóra sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, agus leathnú an M50 agus an bailiú dola saorshreafa a bhaineann leis.

Ann Fitzgerald



Is Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach neamhspleách í Ann Fitzgerald, agus tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Phainéal Táthcheangal na hÉireann, agus ina Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Beaumont faoi láthair. Bhí sí mar chathaoirleach den Ghrúpa Straitéiseach do Thomhaltóir a spreag cinneadh an Rialtais chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú, agus d'fheidhmigh sí mar POF na Gníomhaireachta ar feadh chúig bliana go dtí Deireadh Fómhair 2012. Ba í Ard-Rúnaí Chumann Bainisteoirí Infheistíochta na hÉireann í roimhe sin, tar éis di dul isteach sa Chumann ón Roinn Tionscail & Tráchtála sa bhliain 1989. Tá os cionn 20 bliain taithí ag Ann mar Stiúrthóir Neamh-Fheidhmiúcháin, go príomha sna comhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

John Fitzgerald



Tá John Fitzgerald ina Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Iompair ó bunaíodh é i mí na Nollag 2009. Is cuntasóir é de ghairm agus bhí sé mar Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath ó lár na bliana 1996 go dtí 2006. D'fheidhmigh sé le blianta beaga anuas mar Chathaoirleach An Post agus Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Bhí sé mar chathaoirleach freisin ar dhá Ghníomhaireacht Athnuachana a bunaíodh i Luimneach tar éis a thuairisc don Rialtas i leith fadhbanna an eisiaimh shóisialta sa chathair sin.

**Frank Gleeson**



Is é stiúrthóir bainistíochta de sheirbhísí Aramark Food é Frank Gleeson. Tá níos mó ná 5,000 fostaí ag Aramark Ireland thar 985 ionad. Is iad an taithí agus an saineolas de scoth domhanda atá aici sna réitigh don láthair oibre, sa tseirbhís bhia, sa mhiondíol áisiúil, sna seirbhísí comhshaoil agus sa mhaoin a chumasaíonn í chun réiteach lán-chomhtháite a sholáthar do chuideachtaí Éireannach agus EMEA.

Chuir Gleeson tús lena ghairmréim sa mhiondíol mar stiúrthóir oibriúchán do O'Brien's Fine Wines. D'fheidhmigh sé mar leas-uachtarán miondíola do Statoil Ireland ina dhiaidh sin. Bhí sé mar stiúrthóir miondíola do Topaz Energy Group ón mbliain 2005 agus bhí sé i gceannas d'athbhrandáil na cuideachta sa bhliain 2008, agus bhí sé freagrach as an ngnó miondíola i ní ba mhó ná 340 suíomh. Is é Gleeson an cathaoirleach ar choiste beartais fuinnimh ghrúpa fostóirí na hÉireann IBEC, tá sé ina iar-chathaoirleach agus comhalta boird reatha de Retail Ireland, agus is comhalta comhairle freisin é d'IBEC. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach idirnáisiúnta do NACS, agus is eisean a stiúrann rannpháirtíocht dhomhanda sna breoslaí iompair agus sa mhiondíol áisiúil. Is ball é d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann agus de Chomhairle an Mhargaidh Shaothair. Bhain sé céim amach i mbainistíocht ghnó ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

**Anne Graham**



Ceapadh Anne Graham mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin den Údarás Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. Roimhe sin, d'fheidhmigh sí mar Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí an Údaráis. Is Innealtóir Cairte í Anne, agus tá Máistreacht aici san Eolaíocht Innealtóireachta um Iompar ó COBÁC agus tá MBA ó DCU aici. D'oibrigh sí le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadail ar go leor tionscadal agus mar Bhainisteoir Ceantair d'Iardheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, lenar thug sí seirbhísí údaráis phoiblí níos gaire do thomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.

**Dr Berna Grist**



Is Léachtóir Sinsearach í an Dochtúir Berna Grist sa Scoil Pleanála agus Beartais Chomhshaoil ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Is abhcóide í agus tá sí ina pleanálaí baile cairte, tá PhD aici ó Ollscoil Uladh i leith Chreatlach Reachtúil agus Rialacháin na Forbartha i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhoilsigh sí go forleathan i réimsí na pleanála, dlí chomhshaoil, an bheartais phoiblí agus an rialachais. Mar chuid dá ceapacháin roimhe sin, bhí sí ina comhalta den Bhord Pleanála (2001-2006).

Owen Keegan



Ceapadh Owen P. Keegan ina Bhainisteoir Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013 tar éis dó bheith mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó mhí Feabhra 2006 ar aghaidh. D'oibrigh sé do Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath sular ghlac sé post sa Chomhairle, ina raibh sé mar Leas-Bhainisteoir Cathrach agus Stiúrthóir Tráchta. D'oibrigh sé roimh mhí Dheireadh Fómhair 1993 mar eacnamaí do DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers. D'oibrigh sé freisin sa Roinn Airgeadais, agus san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus ar feadh dhá thréimhse sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is as Baile Átha Cliath é an tUasal Keegan. Tá céimeanna aige sa riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht shibhialta.

Pat Mangan



D'fheidhmigh Pat Mangan mar Leas-Rúnaí sa Roinn Iompair idir na blianta 1995 agus 2010 agus bhí sé freagrach as an iompar poiblí, an infheistíocht iompair agus an airgeadas. Bhí sé ina cheann beartais bhóthair roimhe sin sa Roinn Comhshaoil, agus b'eisean a bhí mar chathaoirleach de Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina chomhalta de Chomhairle an Institiúid Chairt Iompair agus Lóistíochta in Éirinn faoi láthair.

Frank O'Connor



Tá Frank O'Connor mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de Airtel ATN Limited, ar sholáthraí réiteach sonraí cumarsáide don tionscal eitlíochta iad. Ba é comhbhunaitheoir na cuideachta sa bhliain 1998 é. Sular chomhbhunaigh sé Airtel, d'oibrigh sé i roinnt cuideachtaí forbartha bogearraí, lenar áiríodh cuideachtaí ilnáisiúnta SAM Retix agus CACI. Thosaigh sé lena ghairm sa bhliain 1976 ag Systems Dynamics, inar chaith sé ocht mbliana lenar áiríodh dhá bhliain sa Ghearmáin agus sna Ísiltír. Ba stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ag Aer Lingus sa bhliain 2014/15.

**Fiona Ross**



Tá taithí fhada ag Fiona Ross mar Stiúrthóir agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin. Ceapadh í ina Stiúrthóir sa Leabharlann Náisiúnta sa bhliain 2010 tar éis gairmréim 25 bliain sna seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta. Ba tar éis dhá théarma mar Stiúrthóir/ CEO de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a d'fhormhéadaigh Fiona a punann le stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin, agus chomhbhunaigh sé MyndServ freisin, cuideachta cúraim shláinte dhigitigh.

Tugann Fiona saineolas léi um rialachas agus seirbhísí airgeadais chuig a róil ar Bhoird sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, lena n-áirítear mar Stiúrthóir bunaithe Iarsmalann EPIC Ireland ag CHO, The Driver and Vehicle Safety Agency sa Ríocht Aontaithe, The National Archives sa Ríocht Aontaithe, agus The Registers of Scotland agus na Cistí JK. D'fheidhmigh Fiona mar Chathaoirleach ar Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus ar Bhord Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireachtaí Stáit in Éirinn. Is dlíodóir cáilithe freisin í Fiona, le saineolas i limistéar na ceannaireachta agus an rialachais, agus cuireann sí taithí fhairsing idirnáisiúnta le chéile le heolas comhuaineach ar an earnáil phoiblí/phríobháideach. Chríochnaigh Fiona comhaltacht rialachais le déanaí ag Ollscoil George Washington in Washington D.C., agus tá sí i mbun chéim Máistreachta faoi láthair sa Chibear-Shíceolaíocht.

**Linda Saunders**



Mar chuid de thaithí Linda Saunders, bhí sí ina Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach in Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus ina POF ar Chomhlachas Tráchtála Chill Mhantáin agus ina bainisteoir Daonáirimh don CSO, ina hóstánaí agus ina Stiúrthóir ar Thurasóireacht Cho. Chill Mhantáin. D'oibrigh sí i Londain ar shamhaltú straitéiseach an lastiompair, agus léirigh sí spéis mhór san iompar inbhuanaithe. Tá M.Sc. aici sa Phleanáil Uirbeach & Réigiúnach agus tá MBA aici. Is Comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí í.

**Sinéad Walsh**



Is Léiritheoir í Sinéad Walsh a d'oibrigh i limistéar na feasachta rochtana sóisialta i gceantar Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh Sinéad go díreach le Bus Átha Cliath agus le hIarnród Éireann i leith fhorbairt na gclár feasachta míchumais d'fhoireann agus tiománaithe thar na gréasáin bhóithre, iarnróid agus bonneagair.

Is céimí ó Choláiste na Tríonóide í le Máistreacht i mBainistiú na Meán Digiteach, múineann Sinéad freisin i limistéar an oideachais speisialta. Tagann Sinéad isteach san Údarás Náisiúnta Iompair leis an tiomantas don rochtain do chách.

National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie